eDeposit Ireland

National Transport Authority Annual Report & Financial Statements 2011

Item Type	report
Citation	Ireland. National Transport Authority, 'National Transport Authority Annual Report & Financial Statements 2011', [report], National Transport Authority, 2012-09-14
Publisher	National Transport Authority
Download date	2026-03-14 20:21:35
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/110484

Údarás
Náisiúnta Iompair
National **Transport** Authority

Údarás Náisiúnta Iompair
Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2011

Transport for Ireland

Clár Ábhar

Réamhrá an Chathaoirligh 1

Léargas Ginearálta an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain 2

Seirbhísí Iompair Phoiblí 4
- Réamhrá
- Conarthaí Seirbhíse Poiblí
- Athruithe ar Sheirbhísí Fóirdheontais
- Méaduithe ar Tháillí
- Mór-Athbhreithnithe Seirbhíse
- Athbhreithniú ar Shuíomhanna Gréasáin Oibreoirí
- Cearta Paisinéirí Iarnróid
- Ceadúnú Bus

Bearta Comhcheangail le haghaidh Úsáideoirí Iompair 9
- Réamhrá
- Ticéadú Comhtháite
- Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí
- Brandáil
- Pleanálaí Idirmhódúil Náisiúnta Bealaigh

Comhcheangal Pleanála Iompair agus Úsáid Talún 11
- Réamhrá
- Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Taobh Amuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- Treoirlínte
- Suirbhéanna agus Anailís ar Shonraí

Infheistíocht i gCúrsaí Iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath 13
- Réamhrá
- Clár um Iarnród Éadrom
- Clár um Iarnród Trom
- Clár um Infheistíocht i mBusanna
- Clár Comhcheangail/Tacaíochta
- Clár Deontais um Bearta Iompair Inbhuanaithe
- Treoircháipéisí

Seirbhísí Pleanála agus Infheistíochta arna gCur ar Fáil thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt 17
- Réamhrá
- Clár um Páirceáil agus Taisteal agus um Thosaíocht do Bhusanna sna Cathracha Réigiúnacha
- Clár Inrochtaineachta
- Clár um Thaisteal Níos Cliste chuig an Ionad Oibre
- Clár na Scoileanna Glasa

Rialáil sa Tionscal Tacsaithe 20
- Réamhrá
- Athbhreithniú an Rialtais ar Rialáil Tacsaithe
- Caighdeáin Feithicle
- Scéim Deontais um Fheithiclí atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí
- Tástáil Forbartha Scileanna
- Ceadúnú Tiománaithe agus Feithiclí
- Teicneolaíocht
- Greamáin ar Chomharthaí Dín
- Gníomhaíocht Chomhlíonta
- Seirbhís Faisnéise

Cúrsaí Eagraíochtúla, Rialachas Corparáideach agus Freagracht 23
- Saincheisteanna Foirne
- Cláir Oiliúna agus Tabhairt Isteach
- Córais um Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt Phearsanta
- Ráiteas Straitéise
- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais
- Cuíchóiriú
- An tÚdarás Iomaíochta
- An Coiste Iniúchóireachta
- Bainistíocht Riosca
- Comhlíonadh Dlí agus Rialála
- Cruinnithe Boird
- Caidreamh le hIonadaithe Pobail

Ráiteas ar Leas an Phobail 25
- Réamhrá
- Rialachas agus Riarachán
- Leas an Phobail
- Treoirlínte agus Orduithe Aire
- Fochuideachtaí

Ráitis Airgeadais 27

Aguisíní 57

Réamhrá an Chathaoirligh

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Údarás Náisiúnta Iompair do 2011 a chur i láthair.

Is é ról Bhord an Údaráis a chinntiú go rialaítear an eagraíocht de réir na riachtanas reachtúla agus neamhreachtúla cuí. Ar an mbonn seo, príomhfheidhm de chuid an Bhoird gan dabht is ea monatóireacht a dhéanamh ar rialuithe airgeadais an Údaráis a gcaithfear bainistiú stuama agus cuí a dhéanamh orthu.

Le linn 2011, lean an tÚdarás leis an bpróiseas d'fheidhmeanna agus foireann eagraíochtaí eile a iompar lena n-áirítear an Coimisiúin um Rialáil Tacsaithe a ghlacadh, arbh ghníomhaíocht shubstaintiúil a bhí ann ina raibh rioscaí féideartha. Níor cheart beag is fiú a dhéanamh den dúshlán a bhaineann le hathrú eagraíochtúil suntasach a bhainistiú gan tionchar a bheith aige ar fheidhmiú laethúil an Údaráis. Tá buíochas ag dul don bhainistíocht agus don fhoireann ar fad a bhí páirteach ina chur i bhfeidhm rathúil. Mar thoradh ar chuíchóiriú na gcóras agus na gconarthaí, d'éirigh leis an Údarás coigiltis a bhaint amach sa bhuiséad a theastaíonn d'eagraíocht nua. Mórthosaíocht don Údarás is ea costais riaracháin a rialú. Leanfaidh an tÚdarás ag tabhairt dea-shampla ar an mbonn seo.

Tá an Bord sásta gur éirigh leis an Údarás comhtháthú rathúil a bhaint amach do go leor feidhmeanna díchosúla, pearsanra agus córais agus próisis agus ag an am céanna, lean siad leis na feidhmeanna seo a bhaint amach ar ardchaighdeán agus rinne siad forbhreathnú rathúil ar bhonneagar nua iompair phoiblí, feabhsúcháin seirbhíse agus córais faisnéise a chur ar fáil.

Tá tábhacht ar leith don Bhord i bhfeidhmiú airgeadais an Údaráis in 2011. Dá réir sin, tá áthas ar an mBord gur sábháladh timpeall €1 mhilliún don bhliain de bharr cuíchóiriú mór ar chaiteachas riaracháin tar éis an Coimisiúin um Rialáil Tacsaithe a ghlacadh. Anuas air sin, úsáideadh buiséad an deontais chaipitil ar fad a bhí ar fáil in 2011. Bhí Coiste Iniúchta an Bhoird an-ghníomhach i monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí airgeadais a bhainistiú le linn na bliana.

Tabharfaidh léitheoirí na Tuarascála Bliantúla seo faoi deara go ndearna an tÚdarás dul chun cinn suntasach le linn 2011 ar réimse beart tábhachtach. Cinnte, tuigeann an Bord go bhfuil go leor le déanamh fós. Chuige seo, leagtar amach na tosaíochtaí straitéiseacha do na trí bliana amach romhainn sa Ráiteas Straitéise a d'fhaomh an Bord i mí na Nollag. Tá Bord, bainistíocht agus foireann an Údaráis tiomanta do na tosaíochtaí a leagtar amach sa Ráiteas Straitéise a sheachadadh agus ag an am céanna éifeachtúlacht na heagraíochta a láidriú.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhchomhaltaí Boird as an obair a rinne siad le linn 2011. Tá réimse leathan cúlraí, taithí, scileanna agus cáilíochtaí ag comhaltaí an Bhoird a chuireann ar chumas an Bhoird a shainordú tábhachtach maidir le rialachas corparáideach a chomhlíonadh thar ceann an Stáit.

John Fitzgerald
Cathaoirleach

Léargas Ginearálta an Phríomhfheidhmeannaigh ar an mBliain

Ag tús na bliana, ghlac an tÚdarás freagracht as foireann agus feidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe a chur go mór le feidhmeanna an Údaráis. Ba é sin an chéim deiridh in aistriú feidhmeanna reachtúla chuig an Údarás a foráladh ina reachtaíocht chumasúcháin[1]. Go hámharach, chinntigh an obair réitithe a rinneadh in 2010 gurbh fhéidir na socruithe aistrithe tosaigh a dhéanamh go héasca agus chuaigh an próiseas aistrithe ar aghaidh de réir a chéile le linn na bliana. I mí an Mhárta, ghlac an tÚdarás le freagracht Oifig Chaighdeán an Ghréasáin Bhus ó Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Mar thoradh air seo, fuair an tÚdarás go leor saineolas teicniúil atá á úsáid mar thacaíocht i gcláir oibre an Údaráis.

Rinneadh roinnt forbairtí suntasacha le linn na bliana.

I mí an Mheithimh, chuir an tÚdarás Dréacht-Straitéis Iompair fhadtéarmach an Údaráis do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ag deireadh próisis mhionsonraithe a thosaigh in 2008. Léiríonn an Dréacht-Straitéis Iompair an cineál córais iompair a theastaíonn uainn a fhorbairt sa cheantar le linn an fhiche bliain amach romhainn. Tagann an Straitéis le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha don cheantar don tréimhse chéanna. Ar ndóigh, de bharr cúinsí geilleagracha ní féidir dul ar aghaidh le go leor de ghnéithe bonneagair na bpleananna iompair agus úsáid talún sa ghearrthéarma. Ach ní bhaineann sé sin ó luach ná ó bhailíocht na bpleananna sin in aon chor. Tá pleanáil fhadtéarmach ríthábhachtach i gcomhair dea-phleanáil úsáid talún agus iompair.

I dtreo dheireadh 2011, d'fhógair an Rialtas go gcuirfí ar athló tionscadail an Metro Thuaidh agus an DART faoi Thalamh atá mar chuid thábhachtach den Straitéis Iompair. Ach, faomhadh forfheidhmiú an Luas BXD, atá ina ghné lárnach den Dréacht-Straitéis chomh maith. Folaíonn an tionscadal seo comhtháthú agus síneadh an ghréasáin Luas atá ann. Cuireadh tús le hoibreacha a chumasaíonn droichead nua ar a mbeidh iompar poiblí amháin thar Abhainn na Life ag deireadh 2011. Sular fhógair an Rialtas infheistíocht chaipitil in iompar, rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas in dhá Roinn go háirithe, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Roinn Airgeadais. Rinne an tÚdarás go leor anailísí mionsonraithe chun tacú leis an bpróiseas seo.

Cé go bhfuil an Straitéis Iompair agus na mórthionscadail bhonneagair lena mbaineann tábhachtach d'fhorbairt Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath san fhadtéarma, tá an tÚdarás ag díriú chomh maith ar riachtanais ghearrthéarma. Ar a shon sin, chuir an tÚdarás córais nua i bhfeidhm le 12 mhí anuas a thacaíonn leis an ngréasán iompair phoiblí reatha. Ag tús na bliana, seoladh córas faisnéis fíor-ama do phaisinéirí do sheirbhísí bus agus sa mhí dheireanach den bhliain seoladh an Cárta Léime, an cárta nua cliste a rabhthas ag fanacht leis le fada chun íoc as táillí iompair phoiblí. Le chéile, feabhsaíonn na córais nua seo go suntasach iompar poiblí don phobal taistil.

Is fiú a lua go bhfreastalaíonn na córais a sheol an tÚdarás ar sheirbhísí a fheidhmíonn oibreoirí iompair poiblí agus príobháideacha. Tá cur chuige aireach glactha ag an Údarás le cur i bhfeidhm na gcóras seo agus sheachain siad an cur chuige tobann. Dá réir sin, ní raibh in 2011 ach an chéad chéim i bpróiseas céimnithe chun na gnéithe, táirgí agus feidhmeanna seo a chur ar fáil.

[1] An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus an tAcht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009

De bhrí go raibh pleanáil ar siúl cheana mar gheall ar thionscadail d'fhaisnéis fíor-ama do phaisinéirí agus do chárta cliste sular bunaíodh an tÚdarás, is ceart aitheantas a thabhairt do róil thábhachtacha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus na Gníomhaireachta um Fháil Iarnród, faoi seach, ina bhforbairt.

Bhí an tÚdarás dhá bhliain ar an bhfód an 1 Nollaig 2011. San achar gearr ama sin, creidim go raibh an tÚdarás in ann a chumas a léiriú le forfheidhmiú bheartas an Rialtais a sheachadadh go rathúil ar iompar poiblí chun sochar an phobail taistil agus an cháiníocóra. Cuid lárnach sna héachtaí a bhain an tÚdarás amach in 2011 ab ea an fhoireann. Le 12 mhí anuas, bhí foireann ag an Údarás ó fhoireann bhuan ó eagraíochtaí díchosúla éagsúla mar aon le foireann chonartha agus foireann a sannadh, a glacadh nó a ath-imlonnú chuig an Údarás. Cé go bhfuil dúshláin mhóra ag baint leis an socrú seo, tá tiomantas soiléir léirithe ag an bhfoireann seo oibriú le chéile chun clár oibre an Údaráis a chur chur cinn.

Is é ról an Údaráis i mbainistiú an mhaoinithe atá ar fáil do sheirbhísí iompair phoiblí, cothromaíocht a bhaint amach idir riachtanais gach grúpa den phobal taistil. Tá coigilteas suntasach déanta de bharr soláthar agus atheagrú leanúnach sheirbhísí Bhus Átha Cliath gan ach drochthionchar teoranta ar úsáideoirí bus. Ar ndóigh, ní féidir athrú chomh suntasach seo a bhaint amach gan cur isteach ar roinnt paisinéirí. D'ainneoin na n-athruithe a rinneadh, níl an dara rogha ag an Údarás, de bharr an mheatha leanúnaigh ar an líon paisinéirí bus agus iarnróid, ach táillí a ardú d'fhonn leibhéal na seirbhísí a chosaint. Ach, ní fhaomhtar arduithe táillí, arna mionathrú nó mar a bhí san iarratas, go dtí go bhfuil an tÚdarás sásta go bhfuil a gcostais á mbainistiú go cuí ag na hoibreoirí.

Cé go bhfaigheann na harduithe ar tháillí go leor aird phoiblí, tá an tÚdarás ag obair chomh maith lena chinntiú go bhfuil na hoibreoirí ag feabhsú a bhfeidhmíochta ar réimse táscairí a dearadh lena chinntiú go bhfuil na seirbhísí a chuirtear ar fáil in am, glan agus sábháilte. Ar a shon seo, tá cur chuige incriminteach glactha ag an Údarás. Leagadh síos spriocanna feidhmíochta níos déine d'oibreoirí le linn 2011.

Chuir an Rialtas tús le hathbhreithniú mór ar earnáil na dtacsaithe i rith na bliana tar éis don phobal imní a léiriú i dtaobh cleachtas sa tionscal a tháinig chun solais ar chlár teilifíse i mí na Bealtaine. Chuir an tÚdarás fáilte roimh an athbhreithniú agus chuir siad go mór leis an bpróiseas athbhreithnithe le linn na bliana. Sheol an tÚdarás scéim deontais chun méid an chabhlaigh de thacsaithe atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí a mhéadú chun tairbhe custaiméirí maolghluaiste. Rinneadh sainchomhairliúchán maidir le caighdeáin feithiclí chomh maith.

Príomhfheidhm de chuid an Údaráis is ea forfheidhmiú beart chun luas, compord agus sábháilteacht turas do phaisinéirí bus, do rothaithe agus do choisithe a chinntiú. Tugadh faoi chlár substaintiúil infheistíochta i mbearta chun tacú leis na modhanna iompair inbhuanaithe seo.

Anuas ar a fheidhmeanna reachtúla, ghlac an tÚdarás le bainistiú roinnt cláir deontais in 2011 thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, lena n-áirítear an clár bainistíochta tráchta i gcathracha réigiúnacha agus an Clár Inrochtaineachta Náisiúnta.

Ní féidir leis an imlíne ghearr seo ach gearrchuntas a thabhairt ar an obair a rinne an tÚdarás le linn 2011. Ach, tugtar i bhfad níos mó sonraí sa Tuarascáil Bhliantúil maidir leis na ceisteanna móra a cuireadh chun cinn le linn na bliana de réir Ráiteas Straitéise an Údaráis do 2010 agus 2011.

Gerry Murphy
Príomhfheidhmeannach

Seirbhísí Iompair Phoiblí

Réamhrá

Ba bhliain dheacair eile d'iompar poiblí a bhí in 2011. Tá na cúiseanna leis seo soiléir. Tá méid an mhaoinithe Státchiste atá ar fáil do sheirbhísí poiblí lena n-áirítear iompar poiblí ag titim gach bliain de bharr dheacrachtaí leanúnacha an mhaoinithe phoiblí. Anuas air sin, de bharr an ardleibhéil dífhostaíochta agus ioncam indiúscartha laghdaithe, tá laghdú seasta tagtha ar an líon paisinéirí a íocann táille. Tá an cás níos measa fós de bharr chostas ardaithe an bhreosla.

Conarthaí Seirbhíse Poiblí

Leagtar amach i dTábla 1 na híocaíochtaí fóirdheontais a rinne an tÚdarás le hoibreoirí ar conradh in 2011 as soláthar seirbhísí bus agus iarnróid a bhí riachtanach go sóisialta ach nach raibh inmharthana ó thaobh airgeadais.

Leag conarthaí seirbhíse poiblí an Údaráis le Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann caighdeáin feidhmíochta i ndáil le hiontaofacht, poncúlacht agus caighdeán na seirbhísí a chuireann oibreoirí ar fáil. Den leibhéal cúitimh foriomlán a comhaontaíodh, coinnítear siar 10% agus íoctar é go ráithiúil le hoibreoirí má bhaintear spriocanna amach.

Maidir le seirbhísí Luas, tá bainistiú an chonartha feidhmíochta sannta ag an Údarás ar an nGníomhaireacht um Fháil Iarnród a dhéanann monatóireacht ar oibreoir an Luas, Veolia, thar ceann an Údaráis agus a thuairiscíonn chuig an Údarás.

Leagtar amach in Aguisín 1 staitisticí feidhmíochta do na trí chonradh seirbhíse poiblí agus do sheirbhísí Luas i ndáil le poncúlacht agus iontaofacht. Foilsítear tuairiscí feidhmíochta ráithiúla mionsonraithe ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Seachas dhá ráithe inar theip ar Bhus Átha Cliath sprioc a bhaint amach i ndáil le feithiclí i mbonn seirbhíse ar an Satharn (agus laghdú dá réir ar a n-íocaíocht a bhain le feidhmíocht), bhain na hoibreoirí a spriocanna feidhmíochta a bhain le híocaíocht ar fad amach le linn na bliana.

Bunaithe ar anailís ar thorthaí agus ar leibhéil feidhmíochta 2010, rinne an tÚdarás athmheas ar roinnt spriocanna i ngach ceann de na conarthaí seo do 2011 trí spriocanna níos airde a leagan síos nó minicíocht an tuairiscithe a ardú. Anuas air sin, tugadh isteach dí-chomhbhailiú ar thuairisciú thar sheirbhísí in áiteanna cuí chun deis a thabhairt don Údarás féachaint níos grinne ar línte nó ar bhealaí ar leith.

Tábla 1 – Íocaíochtaí fóirdheontais

A	B	C	D
Oibreoir	Íocaíocht fóirdheontais 2011 (€m)	Íocaíocht fóirdheontais 2010 (€m)	Méid an Laghdaithe (C-B) (€m)
Bus Átha Cliath (i ndáil le seirbhísí bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath)	73.04	77.74	4.70
Iarnród Éireann (i ndáil le seirbhísí iarnród go náisiúnta)	148.69	159.50	10.81
Bus Éireann (i ndáil le seirbhísí bus i gcathracha réigiúnacha agus seirbhísí tuaithe idirbhaile)	43.41	46.16	2.75

Athruithe ar Sheirbhísí Fóirdheontais

Tá seirbhísí bus agus iarnróid atá á gcur ar fáil faoi Chonarthaí Seirbhíse Poiblí ag athrú de shíor. I measc na gcúiseanna leis seo tá mionathruithe amchláir agus athbhreithnithe móra le gréasáin bealaí agus iarnróid. Ní féidir athruithe ar bith ar sheirbhísí a fhorfheidhmiú gan faomhadh an Údaráis. In 2011, rinne an tÚdarás measúnú ar 477 togra d'athruithe ó oibreoirí.

Bus Átha Cliath

Rinne an tÚdarás measúnú ar 156 togra d'athruithe ar sheirbhísí maoinithe a fheidhmíonn Bus Átha Cliath. I meas na mórathruithe a rinneadh ar bhealaí agus ar sheirbhísí a d'fhaomh an tÚdarás bhí tabhairt isteach 4 bhealach nua traschathrach:

- Cónascadh bhealach 13 agus bhealach 51b/c i mbealach traschathrach a nascann Baile Munna le Cluain Dolcáin;
- Cónascadh bhealach 40 agus bhealach 78a i mbealach traschathrach a nascann Fionnghlas le Baile Formaid agus Gleann na Life;
- Cónascadh bhealach 27 agus bhealach 77 i mbealach traschathrach a nascann Bóthar Mhullach Íde le Cromghlinn agus le Tamhlacht; agus
- Cónascadh bhealach 14 agus bhealach 20b i mbealach traschathrach a nascann Beaumont le Dún Droma.

Bus Éireann

Rinne an tÚdarás measúnú ar 121 togra d'athruithe ar sheirbhísí bus maoinithe a fheidhmíonn Bus Éireann faoi Chonradh Seirbhíse Poiblí.

Áiríodh le mórathruithe ar sheirbhísí a d'fhaomh an tÚdarás athruithe ar bhealach 109 lena n-áirítear feidhmiú seirbhísí ón gCabhán, ó Achadh an lúir agus ó Cheanannas trí mhótarbhealach an M3 agus síneadh roinnt turais bhuaicuaire chuig ceathrú gnó an Oirdheiscirt i gcathair Bhaile Átha Cliath.

Iarnród Éireann

Rinne an tÚdarás measúnú ar 300 togra d'athruithe ar sheirbhísí iarnróid aonair maoinithe a fheidhmíonn Iarnród Éireann faoi Chonradh Seirbhíse Poiblí.

Áiríodh le hathruithe suntasacha a d'fhaomh an tÚdarás:

- Seirbhísí Comaitéara an Tuaiscirt breise ag stopadh ag Cluain Ghrifín;
- Luas a chur faoi sheirbhísí Comaitéara an Tuaiscirt le níos lú seirbhísí ag stopadh ag Mullach Íde, ag Port Mearnóg agus ag Gabhal Bhinn Éadair;
- Síneadh seirbhísí Comaitéara Ollpháirc M3 ar fad chuig an Lár (Stáisiún Uí Chonghaile nó Stáisiún an Phiarsaigh) seachas seirbhísí buaicuaire ó Luan go hAoine a leanann ag feidhmiú chuig Ceantar na nDugaí agus uaidh;
- Athruithe ar imeachtaí maidine agus teacht isteach tráthnóna ag Ros Láir chun ceangailtí le seoltaí báid farantóireachta a fheabhsú.

Méaduithe ar Tháillí

Le linn 2011, d'fhaomh an tÚdarás iarratas ar arduithe táillí i ndáil le seirbhísí bus agus iarnróid le fóirdheontais ó Bhus Átha Cliath, ó Iarnród Éireann agus i ndáil le seirbhísí Luas ón nGníomhaireacht um Fháil Iarnród. Leagtar sonraí na méaduithe faofa amach i dTábla 2.

Tá cothromaíocht le baint amach agus seirbhísí iompair phoiblí á gcur ar fáil idir leibhéal an mhaoinithe Státchiste atá ar fáil (atá ag laghdú), iarracht leanúnach chun costais a ísliú i measc na n-oibreoirí a sholáthraíonn na seirbhísí, leibhéal an éilimh ar na seirbhísí, leibhéal na dtáillí agus leibhéal an tsoláthair seirbhíse. Is é cur chuige an Údaráis, iarracht a dhéanamh ionchur ó na comhpháirteanna seo ar fad a uasmhéadú chun an t-uasleibhéal seirbhíse a chur ar fáil leis na hacmhainní atá ar fáil.

Tábla 2 – Méaduithe ar Tháillí

Cineál táille	Dáta an mhéadaithe	Cur síos ar an méadú
Bus Átha Cliath (táillí airgid)	31/01/11	Ardú 3 go 4.5% ar tháillí daoine fásta, níor athraigh táillí do leanaí
Iarnród Éireann (DART, Comaitéir, agus roinnt idirchathrach)	07/02/11	Meánardú 3% ar tháillí DART agus comaitéara meánardú cosúil ar tháillí idirchathrach níos lú ná €25
Bus Átha Cliath (táillí réamhíoctha)	25/04/11	Meánardú 3.3% ar tháillí daoine fásta réamhíoctha, níor athraigh táillí réamhíoctha do leanaí
Bus Átha Cliath	09/12/11	Meánardú 15% ar tháillí airgid le hardú 5% d'úsáideoirí an Chárta Léime
Bus Éireann	09/12/11	Meánardú 5.4% ar sheirbhísí cathracha réigiúnacha agus eile 5.4%, meánardú 5% ar thicéid 10 dturas agus 3% ar thicéid bhliantúla a shábhálann cáin
Iarnród Éireann	09/12/11	Meánardú 6-7% ar sheirbhísí DART, Comaitéara, ticéid réamhíoctha agus a shábhálann cáin, más infheidhme lascainí suntasacha ar fáil d'úsáideoirí an Chárta Léime
Luas	09/12/11	Meánardú 5.5% ar tháillí airgid daoine fásta agus 12.5% do tháillí airgid do leanaí (an chéad ardú i dtáillí Luas do leanaí ón seoladh in 2004), lascainí suntasacha ar fáil d'úsáideoirí an Chárta Léime

Mór-Athbhreithnithe Seirbhíse

Tar éis seirbhís iarnróid Phort Láirge-Rod Láir a chur ar ceal i mí Mheán Fómhair 2010, thug an tÚdarás faoi athbhreithniú ar oiriúnacht an iompair phoiblí atá ar fáil i gCeantar Réigiúnach an Oirdheiscirt, na torthaí a chur in iúl agus athruithe a chur i bhfeidhm a d'fheabhsódh éifeachtúlacht an iompair phoiblí sa réigiún agus é ag fanacht laistigh de na leibhéil reatha nó leibhéil íslithe fóirdheontais.

Ina dhiaidh sin, cinneadh go ndéanfaí athbhreithnithe i ndáil le gnéithe eile den iompar poiblí atá ar fáil go náisiúnta. Dá réir sin, tugadh faoi na hathbhreithnithe seo a leanas in 2011:

- Athbhreithniú ar sheirbhísí iompair phoiblí i gCeantar Réigiúnach an Oirdheiscirt;
- Athbhreithnithe ar sheirbhísí iompair phoiblí i gcathracha Chorcaí, Phort Láirge, Luimnigh agus na Gaillimhe;
- Athbhreithniú ar sheirbhís iarnróid Idirchathrach Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe;
- Athbhreithniú ar struchtúr táillí iarnróid Idirchathrach.

Tá toradh gach ceann díobh seo leagtha amach thíos. Anuas air sin, cuireadh tús le hathbhreithniú ar sheirbhísí iompair phoiblí áitiúla agus réigiúnacha i gcrios comaitéara Bhaile Átha Cliath i dtreo dheireadh na bliana.

Athbhreithniú ar sheirbhísí iompair phoiblí i gCeantar Réigiúnach an Oirdheiscirt agus sna Cathracha Réigiúnacha

Tugadh faoi iniúchadh ar sheirbhísí reatha. Tugadh cuairt ar na ceantair ar fad a raibh athbhreithniú á dhéanamh orthu agus breathnaíodh ar na hoibríochtaí agus na patrúin lódála ag suíomhanna tábhachtacha. Rinneadh sainchomhairliúchán leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus le mórfhostóirí, ionaid

oideachais agus asraonta miondíola trí shuirbhé struchtúrtha.

I ngach cás moladh athruithe ar shubstaint na seirbhíse iompair bhus agus leis an gcaoi a n-oibrítear í, a gcuirtear i láthair í agus a gcomhtháthaítear í le modhanna eile, le hintinn ar leith pátrúnacht ar na seirbhísí a fheabhsú d'fhonn an gréasán a láidriú in aghaidh laghduithe amach anseo san fhóirdheontas.

Athbhreithniú ar Sheirbhís Iarnróid Idirchathrach Bhaile Átha Cliath-na Gaillimhe

Tháinig laghdú an-suntasach ar an líon paisinéirí a úsáideann an tseirbhís iarnróid idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh ó 2007 (33% i gcomparáid le 16% go náisiúnta). Dá réir sin, chinn an tÚdarás athbhreithniú a dhéanamh d'fhonn na cúiseanna leis an laghdú agus idirghabhálacha féideartha a aimsiú a ardóidh pátrúnacht agus a thabharfaidh an luach is fearr ar airgead.

Áirítear le moltaí an athbhreithnithe, faisnéis fheabhsaithe do phaisinéirí agus áiseanna feabhsaithe, go háirithe ag Stáisiún Ceannt i nGaillimh agus amchlár athbhreithnithe a thabharfadh amanna turais níos tapúla do phaisinéirí a thaistealaíonn ag buaicuaireanta mar aon le deiseanna taistil nua a chur ar fáil do phaisinéirí a thaistealaíonn i ngach tréimhse eile. Forbraíodh clár idirghabhálacha mionsonraithe i gcomhar le hIarnród Éireann.

Athbhreithniú ar struchtúr na dtáillí iarnróid Idirchathrach

Bhí go leor aimhrialtachtaí sa struchtúr táillí idirchathrach a d'fhorbair de réir a chéile. Bhí difríocht shuntasach sa ghnáth-tháille ó bhealach go bealach, agus nuair a bhí níos mó ná bealach amháin i gceist bhí aimhrialtachtaí móra ann.

Rinne an tÚdarás athbhreithniú agus é mar chuspóir struchtúr táille iarnróid níos éasca a cheapadh do ghnáth-tháillí atá comhsheasmhach, a sheachnaíonn aimhrialtachtaí, a shásaíonn riachtanais an mhargaidh, atá neodrach don chuid is mó i dtéarmaí tionchair ar ioncam agus a bheidh mar chuid d'ardán comhleanúnach d'arduithe nó laghduithe ar tháillí amach anseo.

Chinn an tÚdarás gur cheart táillí iarnróid a shocrú ar bhonn córas cothrom fadbhunaithe, agus luas na seirbhíse ina fhachtóir.

Chorpraigh iarratas Iarnród Éireann ar ardú táillí in 2012 toradh an athbhreithnithe.

Athbhreithniú ar Shuíomhanna Gréasáin Oibreoirí

Choimisiúnaigh an tÚdarás athbhreithnithe ar shuíomhanna gréasáin Bhus Átha Cliath, Iarnróid Éireann agus Bhus Éireann d'fhonn measúnú a dhéanamh ar chomh héasca is atá sé do chustaiméirí iompair phoiblí iad a úsáid. Rinne na hathbhreithnithe anailís ar chomh héasca is a bhí sé ag daoine le taithí éagsúil ar ríomhairí agus ar an idirlíon an fhaisnéis ábhartha a aimsiú ar na suíomhanna agus rinne siad moltaí d'fheabhsúcháin. Cuireadh torthaí na suirbhéanna ar fáil do na hoibreoirí a chur na moltaí i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

Cearta Paisinéirí Iarnróid

Lean an tÚdarás ag tabhairt faoina fhreagrachtaí mar chomhlacht forfheidhmithe náisiúnta na hÉireann chun críocha Rialachán an AE 1371/2007 a bhaineann le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid. I mí an Mheithimh rinne an tÚdarás ionadaíocht thar ceann na hÉireann ag cruinniú de chomhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta chun faisnéis a mhalartú ar a gcuid oibre agus prionsabail agus cleachtais chinnteoireachta chun críocha a bprionsabail chinnteoireachta a chomhordú ar fud an AE.

Ceadúnú Bus

Ba é 2011 an chéad bhliain iomlán feidhme de Threoirlínte an Údaráis do Cheadúnú Seirbhísí Poiblí Paisinéara Bus lena n-áirítear forfheidhmiú socruithe eatramhacha chun seirbhísí tráchtála

reatha a thabhairt isteach i réimeas ceadúnaithe nua.

Leagtar amach i dTábla 3 sonraí maidir leis na hiarratais a fuair an tÚdarás in 2011 agus leagtar amach i dTábla 4 sonraí na n-achomharc a rinneadh in aghaidh chinneadh an Údaráis.

Lean an tÚdarás le monatóireacht a dhéanamh ar cheadúnaithe lena chinntiú go gcloíonn siad lena gceadúnais. Áiríodh leis seo iniúchtaí ar an suíomh, scrúdú ar shuíomhanna gréasáin ceadúnaithe agus faisnéis atá foilsithe. Lean an ghníomhaíocht seo i gcomhar le forbairt an Bhunachair Shonraí Náisiúnta um Iompar Poiblí, bunachar sonraí de gach bealach, seirbhís agus stop sa Stát.

Leagann na Treoirlínte amach scálaí ama táscacha chun iarratais leis an Údarás a phróiseáil. Bhí feidhmíocht i mbaint amach na spriocanna réasúnta, próiseáladh cinneadh i dtaobh 27 den 34 iarratas nua in am in 2011. Próiseáladh 3 cinn eile seachtain deireanach. B'iarratais a d'ardaigh saincheisteanna iomaíochta ar theastaigh anailís níos cuimsithí uathu a bhí sna hiarratais nár próiseáladh laistigh den am treorach de ghnáth.

Tábla 3 – Gníomhaíocht ceadúnaithe bus in 2011

Cur síos	Faighte	Tairgthe	Eisithe	Cealaithe
Iarratais ar cheadúnais nua agus athnuachan ceadúnas reatha chun seirbhís phoiblí bhus a fheidhmiú sa Stát	165	130	168	38
Iarratais ar leasuithe le ceadúnais reatha chun seirbhís phoiblí bhus a fheidhmiú sa Stát	161	31	122	27
Iarratais ar Údaraithe Idirnáisiúnta de réir Rialachán AE	57	-	40	5
Iarratais ar aistriú ceadúnais reatha chun seirbhís phoiblí bhus a fheidhmiú sa Stát	7	-	5	-
Athnuachan ceadúnas reatha de réir alt 20(3) den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009	-	-	586	-

Tábla 4 – Achomhairc

Cur síos	Faighte	Bronnta	Diúltaithe	Tarraingthe
Achomhairc in aghaidh cinntí ar iarratais ar cheadúnais	11	4	5	2

Bearta Comhcheangail le haghaidh Úsáideoirí Iompair

Réamhrá

Rinne an tÚdarás dul chun cinn suntasach in 2011 chun trí bheart shoiléire a chur chun cinn agus a sheachadadh chun comhtháthú a chur chun cinn thar agus idir seirbhísí iompair phoiblí chun tairbhe tomhaltóirí iompair. Áirítear leis na bearta ticéadú comhtháite, faisnéis fíor-ama do phaisinéirí agus faisnéis chomhtháite d'úsáideoirí iompair phoiblí trí phleanálaí turais náisiúnta. Tá fianaise shuntasach go hidirnáisiúnta go spreagann feabhsúchán suntasach i gcaighdeán an iompair phoiblí a thagann ó fhorfheidhmiú na mbeart seo fás thar gach modh.

Ticéadú Comhtháite

Le linn 2011, lean an tÚdarás, i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, le hobair mhionsonraithe ar fhorbairt, ar thástáil agus ar chur i bhfeidhm cárta chliste chun íocaíocht táillí ar sheirbhísí iompair phoiblí a éascú i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus réiteach próisis bhonneagair agus ghnó le tacú le feidhmiú an chórais nua.

Baineadh amach garsprioc shuntasach an 12 Nollaig nuair a cuireadh Cárta Léime nua ar fáil don phobal le híoc as turais ar gach seirbhís de chuid Bhus Baile Átha Cliath, Luas, DART agus seirbhísí iarnróid fo-uirbeacha agus comaitéara. Déantar an íocaíocht seo trí sparán leictreonach ina bhfuil luach airgid. Seoladh suíomh gréasáin tacaíochta tiomnaithe[2] ag an am céanna.

Tugann Cárta Léime na príomhthairbhí seo a leanas do chustaiméirí:

- Solúbthacht: is féidir an cárta céanna a úsáid ar ilmhodhanna iompair;
- Áisiúlacht: ní bheidh ar chustaiméirí an tsóinseáil cheart a úsáid chun táillí aonair a íoc níos mó;
- Coigilt costais: níos saoire ná airgead a íoc as ticéad aonair.

Rinneadh forbairt mhór bhogearraí sa bhliain chomh maith a bheidh mar bhuntaca le feidhmiúlacht nua sa Chárta Léime amach anseo. Áiríodh leis an obair forbartha:

- Léitheoirí don Chárta Léime a chur ar sheirbhísí Bhus Éireann agus ar sheirbhísí bus príobháideacha. Thosaigh scéim phíolótach do chustaiméirí i mí na Nollag ar oibreoir bus príobháideach, Matthews Coaches;
- Breisiú uathoibríoch a chruthú, nuair is féidir le custaiméir roghnú le síniú suas le socrú mandáite dochair dhírigh;
- An cumas le ticéid mhíosúla agus bhliantúla a chur ar Chárta Léime a fhorbairt mar aon le táirgí eile faoi cheangal ama leo;
- Córais a thacaíonn le 'lascaine le linn an turais' a cheapadh, nuair is féidir aisíoc a fháil don dara turas agus do thurais ina dhiaidh sin agus 'uasteorannú' nuair a chuirtear uasteorannú le costais taistil an chustaiméara go huathoibríoch ag praghas ata cosúil le ticéad lae/seachtainiúil.

Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí

Tar éis tástáil a chríochnú ag tús na bliana, cuireadh tús le hobair ar chur i bhfeidhm córas faisnéis fíor-ama do phaisinéirí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Cuireadh tús chomh maith le hobair réitithe chun an córas a shíneadh chuig Corcaigh, Luimneach, Port Láirge agus Gaillimh. Rinne Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na forbairtí seo thar ceann an Údaráis.

Cuireadh tús le hoibreacha beo i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2011 i ndáil le seirbhísí Bhus Bhaile Átha Cliath. Faoi dheireadh na bliana, bhí 370 clár taispeána leictreonach i bhfeidhm ag na stadanna bus is mó úsáide; cuireadh faisnéis ar fáil ar líne maidir le 5,000 stad bus le seirbhísí Bhus Átha Cliath atá suite ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath ar shuíomh gréasáin nua comhtháite (TransportforIreland.ie) agus ar shuíomh gréasáin Bhus Átha Cliath. Cuireadh feidhmchláir iPhone agus android agus seirbhís téacs SMS ar fáil chomh maith. Bhí an suíomh gréasáin agus na feidhmchláir ag cothú 2

[2] www.leapcard.ie

mhilliún iarratas agus 500,000 cuairteoir mhíosúil uathúil faoi dheireadh na bliana.

Rinneadh obair shuntasach in 2011 i gcomhar le Bus Átha Cliath lena chinntiú go raibh an fhaisnéis a léiríodh ar líne agus ar chláir leictreonacha beacht.

Brandáil

Lean an tÚdarás le Iompar d'Éirinn a fhorbairt mar ainm branda do thomhaltóirí i gcomhair seirbhísí iompair phoiblí chomhtháite ar fud an Stáit. Tá suíomh gréasáin mar bhuntaca leis an mbranda; tá an suíomh á fhorbairt de réir a chéile mar fhoinse údarásach faisnéise maidir le seirbhísí iompair phoiblí agus pleanáil turais don phobal a thaistealaíonn, lena n-áirítear cuairteoirí chuig an Stát.

Le linn 2011, bhí cuairteoirí chuig an suíomh gréasáin in ann breathnú ar fhaisnéis fíor-ama do phaisinéirí do sheirbhísí Bhus Átha Cliath i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus aiseolas a thabhairt ar a fheidhmiú, a chuidigh go mór leis an Údarás. Cuireadh faisnéis maidir le seirbhísí tacsaí agus fruilcharranna leis an suíomh gréasáin chomh maith le nasc chuig suíomh gréasáin an Chárta Léime.

Pleanálaí Idirmhódúil Náisiúnta Bealaigh

Is é feidhm an phleanálaí idirmhodúil náisiúnta bealaigh faisnéis ó dhoras go doras a chur ar fáil maidir le gach rogha iompair do thurais chuig an Stát, uaidh agus laistigh de.

I mí Aibreáin, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt bunachar sonraí spásúla (Bunachar Sonraí Náisiúnta um Nóid Rochtana Iompair Phoiblí), a bheidh mar bhuntaca leis an bPleanálaí Turais. Is é cuspóir an bhunachair shonraí na pointí rochtana d'iompar poiblí ar fad a shainaithint go huathúil mar aon le hamchlár cothrom le dáta, sonraí seirbhísí agus sonraí bealaigh do gach seirbhís iompair phoiblí cheadúnaithe sa Stát a ionchorprú. Ach tá buntáiste níos leithne aige don Údarás chomh maith mar uirlis anailíseach agus cinnteoireachta.

I mí Lúnasa, bronnadh conradh chun Pleanálaí Turais ar líne a fhorbairt agus críochnaíodh obair shuntasach faoi dheireadh na bliana.

Comhcheangal Pleanála Iompair agus Úsáid Talún

Réamhrá

Is réamhriachtanas tábhachtach atá i gcomhtháthú pleanála iompair agus úsáid talún chun cuspóir na réigiún cathrach inbhuanaithe a bhaint amach, ag soláthar iompar riachtanach dá saoránaigh. Le linn 2011, bhí ról lárnach ag an Údarás ar a shon seo, trí chur i bhfeidhm a fheidhmeanna reachtúla mar aon leis an ardtosaíocht a tugadh d'fhorbairt caidrimh chuidithigh leis na húdaráis réigiúnacha, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí agus ranna eile stáit atá freagrach as réimse feidhmeanna iompair, sóisialta, geilleagracha agus timpeallachta. Dhírigh baint amach an chuspóra seo go príomha ar réigiúin Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge trí réimse feidhmeanna agus tionscnaimh éagsúla.

Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

Chríochnaigh an tÚdarás a Dhréacht-Straitéis Iompair go luath in 2011, mar a éilítear faoi Alt 12 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Cuireadh é seo faoi bhráid an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go foirmiúil lena mheas i mí an Mheithimh. Cuireann an Dréacht-Straitéis, a chlúdaíonn an tréimhse chomh fada le 2030, leis na Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2010-2022 agus tacaíonn sé leo. Dírítear go speisialta ar shuíomh forbairt dianturais i gceantair atá inrochtana ag iompar poiblí agus bunaítear seicheamh na forbartha ar ord tosaíochta na dtailte le dea-inrochtaineachta ag iompar poiblí. Is iad na cuspóirí seo a chuirfidh buntaca le rannpháirtíocht an Údaráis le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile agus éifeacht acu ar chomhtháthú pleanála iompair agus úsáid talún.

Agus iad ag súil le glacadh na Dréacht-Straitéise, d'oibrigh an tÚdarás go dlúth le húdaráis áitiúla, le cuideachtaí tráchtála leathstáit cosúil le Córas Iompair Éireann, Údarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Cuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath, agus le gníomhaireachtaí eile i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar réimse saincheisteanna beartais a bhaineann le comhtháthú iompair agus úsáid talún. Dhírigh an obair seo ar na réimsí seo a leanas:

- Rannpháirtíocht le réiteach pleananna limistéir áitiúil, scéimeanna pleananna do Chriosanna Forbartha Speisialta agus máistirphleananna;
- Réiteach anailísí iompair d'ionaid éagsúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Rannpháirtíocht le Grúpa Oibre Gheata na Cloiche Leathain de chuid Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin; agus
- Rannpháirtíocht le hinstitiúidí oideachais cosúil leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath chun straitéisí bainistíochta soghluaisteachta a réiteach.

Rinneadh líon suntasach aighneachtaí scríofa chuig údaráis áitiúla chomh maith maidir le pleananna forbartha contae, pleananna limistéir áitiúil, iarratais / achomhairc phleanála agus cineálacha éagsúla tograí a bhain le bonneagar iompair. Tá tuilleadh faisnéise in Aguisín 2.

Ag leibhéal na n-údarás réigiúnach, lean an tÚdarás de bheith rannpháirteach go gníomhach le húdaráis réigiúnacha trína bhallraíocht i nGrúpaí Forfheidhmithe agus Teicniúla um Threoirlínte Pleanála Réigiúnacha. Chuir an tÚdarás chomh maith le líon mór aighneachtaí a rinne Oifig na dTreoirlínte Pleanála do Bhaile Átha Cliath agus Réigiún an Mheánoirthir chuig údaráis áitiúla maidir le pleananna forbartha agus pleananna limistéir áitiúil le linn 2011. Tá ardleibhéal comhoibrithe leis an Oifig sin ar réimse saincheisteanna beartais mar bhuntaca leis seo.

Taobh Amuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Tar éis ghlacadh na dtreoirlínte pleanála réigiúnacha in 2010, bhunaigh gach ceann de na húdaráis réigiúnacha timpeall na tíre Grúpa Forfheidhmithe, ar a bhfuil ionadaí ón Údarás.

Tá an tÚdarás ag obair chomh maith le roinnt údaráis réigiúnacha maidir le scópáil agus réiteach tionscnaimh pleanála iompair éagsúla ag leibhéal réigiúnach. Mar aon le hOifig na dTreoirlínte Pleanála Réigiúnacha i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, chuir an tÚdarás le roinnt aighneachtaí a rinne údaráis réigiúnacha dá n-údaráis áitiúla féin maidir le pleananna forbartha agus pleananna ceantair áitiúla.

Treoirlínte

Gné thábhachtach de chuspóir an Údaráis in éascú comhtháthú pleanála iompair agus úsáid talún is ea soláthar comhairle beartais agus réiteach treoirlínte. Le linn 2011, áiríodh leis seo foilsiú *School Travel Toolkit* agus *Your Step by Step Guide to Travel Plans for Employers*.

Suirbhéanna agus Anailís ar Shonraí

Le tacú lena ról pleanála iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, déanann an tÚdarás anailís ar bhonn rialta ar an úsáid talún atá ar fáil agus ar shonraí iompair don réigiún agus cuireann sé an fhaisnéis seo ar fáil d'údaráis áitiúla agus do ghníomhaireachtaí eile. Thacaigh anailís mhionsonraithe ar dhaonra agus ar iompar taistil an réigiúin ó shonraí a cuireadh ar fáil ón daonáireamh agus ó fhoinsí sonraí eile go príomha le forbairt dréachtstraitéis iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Déanann an tÚdarás a shuirbhéanna iompair féin anois agus arís le tacú le sonraí an daonáirimh. Le linn 2011, áiríodh anseo suirbhé suntasach ar phátrúin taistil chuig Aerfort Bhaile Átha Cliath agus uaidh, a rinneadh i gcomhar le hÚdarás Aerfoirt Bhaile Átha Cliath.

Infheistíocht i gCúrsaí Iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

Réamhrá

Le linn 2011, leanadh ag dul i ngleic le cúinsí geilleagrach na hÉireann i réimse na hinfheistíochta iompair. Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar chaiteachas le linn 2011 agus chuir an tÚdarás a thuairimí agus a thograí chuig an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar chuid den phróiseas. I mí na Samhna 2011, d'fhoilsigh an Rialtas toradh an athbhreithnithe: *Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitil 2012-16: Creat Státchiste Meántéarma*.

Cé go ndearnadh infheistíocht shuntasach in iompar poiblí in 2011, díríodh cuid mhór den infheistíocht sin ar thionscadail iompair níos lú agus níos áitiúla. Anuas air sin, seoladh Tionscnamh Post an Rialtais i mí na Bealtaine agus chuir sé borradh maoinithe breise ar fáil sa réimse seo, agus €15 mhilliún ar fáil do scéimeanna iompair inbhuanaithe.

Ba phríomhthéama in go leor de na tionscadail a bhí ar siúl in 2011 a bhí i gcothabháil chaighdeán agus fheidhmíocht an bhonneagair reatha. Agus gréasán lánaí bus d'ardchaighdeán agus bealaí rothaíochta forbartha anois, tá sé tábhachtach a chinntiú nach ligtear dóibh dul i léig go luath. Dhírigh roinnt scéimeanna in 2011 ar mhíreanna cosúil le hathnuachan dromchla carrbhealaigh ar roinnt bealaí bus agus athnuachan marcanna bóthair agus lána rothaíochta.

B'ionann caiteachas caipitil foriomlán an Údaráis i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus €211 milliún. Áirítear briseadh síos i dTábla 5.

Clár um Iarnród Éadrom

Léirigh 2011 tréimhse d'athrú mór i ndáil le forbairt tionscadal d'iarnród éadrom agus tionscadail metro. De bharr na timpeallachta airgeadais athraithe, cuireadh roinnt tionscadal a bhí á bhforbairt go gníomhach ar athló, chun gur féidir iad a thosú arís amach anseo. Áiríodh anseo tionscadail Metro Thiar agus Luas Leamhcáin.

I mí na Samhna, d'éascaigh athbhreithniú an Rialtais tionscadal an Metro Thuaidh a chur siar agus go mbreathnófaí arís air roimh an gcéad chlár caipitil eile a réiteofar in 2015. Leanadh le roinnt oibre ar oibreacha cumasaithe ar leith a theastaíonn chun críochnú thógáil Ospidéal nua an Mater a chumasú.

D'éascaigh athbhreithniú an Rialtais dul chun cinn ar thionscadal Luas BXD le linn tréimhse cúig bliana den chreatphlean caipitil freisin.

Síneann an tionscadal seo Líne Ghlas an Luas ón gcríochfort ag Faiche Stiabhna trí lár na cathrach agus ar aghaidh chuig críochfort nua ag Droichead Broome, a éascóidh cómhalartú le líne iarnróid Mhaigh Nuad. Cuireadh iarratas ar ordú iarnróid i ndáil leis an tionscadal faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí an Mheithimh 2010 agus reáchtáladh Éisteacht ó Bhéal i ndáil leis an

Tábla 5 – Caiteachas caipitil in 2011

Fochlár	Caiteachas (don €m is gaire)
Clár um Iarnród Éadrom (Lena n-áirítear Droichead Shráid Marlborough)	22
Clár um Iarnród Trom	98
Clár um Infheistíocht i mBusanna (seachas lánaí bus)	24
Clár Comhcheangail/Tacaíochta	15
Clár um Bearta Iompair Inbhuanaithe	52
Iomlán	211

iarratas idir an 18 Bealtaine agus an 1 Meitheamh 2011.

Le linn na bliana, mhaoinigh an tÚdarás clár suntasach tionscadal beag de chuid na Gníomhaireachta um Fháil Iarnróid chun naisc choisithe agus rothaíochta ag stadanna Luas áirithe a fheabhsú.

An 2 Iúil 2011, d'oscail an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt síneadh 4.2 km le Líne Dhearg an Luas ó Belgard chuig Teach Sagard. Cuimsíonn sé cúig Stad Luas nua ag Fothair Chardain, Baile an tSíbhrigh, Campas Iarthar na Cathrach, Baile Uí Fhoirtcheirn agus Teach Sagard, agus áirítear ann chomh maith áis páirceála agus taistil ag Stad Bhaile an tSíbhrigh. Forbraíodh an líne ar chomhbhonn idir na hearnálacha príobháideacha agus poiblí, le forbróirí feadh bhealach an tionscadail ag obair i gcomhar leis an earnáil phoiblí i seachadadh na scéime.

Clár um Iarnród Trom

Rinneadh athruithe suntasacha ar chlár an tionscadail um iarnród trom de bharr na gcúinsí airgeadais deacra le linn 2011. B'éigean cúpla tionscadal mór, a bhí á bhforbairt go gníomhach, a chur ar ceal agus ar athló. I mí na Samhna, chinn an Rialtas gur cheart tionscadal an DART Faoi Thalamh, a bhí á fhorbairt mar scéim Chomhpháirtíochta Phríobháidí Poiblí, a chur siar le breith roimh an gcéad chlár caipitil eile atá le réiteach ag an Rialtas in 2015 a chlúdóidh tréimhse ó 2016 ar aghaidh.

Áirítear le tionscadail iarnróid throm eile a cuireadh siar an síneadh iarnróid go dtí an Uaimh, Tionscadal Bhealach Chill Dara (Céim 2) agus leictriúchán/athchomharthaíochta líne iarnróid Mhaigh Nuad.

I mí Iúil 2011, d'eisigh an Bord Pleanála faomhadh an togra chun dúnadh crosaire comhréidh ar Bhóthar Ráth Tó a cheadú trí fhorbairt nascbhóthair nua os cionn an iarnróid ar dhroichead nua. Tugadh faomhadh d'Iarnród Éireann leanúint le forbairt deartha an tionscadail agus cáipéisí conartha a réiteach dá thógáil.

Leanadh le hobair ar Thionscadal Athchomharthaíochta Lár na Cathrach, atá ag cur córais chomharthaíochta agus rialaithe nua-aimseartha in áit na gceann atá ann. Díríodh an obair ar an gcuid den Líne Thuaidh as Cill Easra chuig Gabhal Bhinn Éadair agus chuig Binn Éadair.

Bhí oibreacha suntasacha ar siúl le linn 2011 ar uasghrádú halla, ardáin agus socruithe rochtana ag Stáisiún an Phiarsaigh.

Tugadh faoi clár oibreacha feabhsaithe stáisiúin, timpeall ar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath agus go náisiúnta, agus feabhsaíodh 44 stáisiún. Áiríodh leis na hoibreacha a rinneadh ag gach stáisiún an taobh amuigh a phéinteáil, suíocháin agus scáthláin a chur ar fáil, athnuachan/ionadú comharthaíochta agus deisiúcháin ghinearálta eile.

Leanadh le hinfheistíocht shuntasach chomh maith i soláthar rothstoic nua le seachadadh carranna iarnróid Idirchathrach nua, a ordaíodh i mí an Mhárta 2009. Leanadh le coimisiúnú an rothstoic seo le linn dara leath 2011.

Lean an clár suiteála innill bhailíochtaithe ticéid ag stáisiúin áirithe sa réigiún le linn 2011. Anuas air sin, chuir an tÚdarás maoiniú ar fáil chun tús a chur le clár suiteála Wi-Fi ar an gcabhlach iarnróid i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Clár um Infheistíocht i mBusanna

Cuireadh maoiniú beagnach €18 milliún ar fáil do Bhus Éireann chun busanna nua a cheannach chun bealaí fóirdheonaithe bus a fheidhmiú. Ar an iomlán, ceannaíodh 60 bus nua agus seachadadh iad faoi dheireadh na bliana; ina measc bhí 10 mbus dhá stór, 25 bus cathrach aon stóir agus 25 cóiste aon stóir. Tá Wi-Fi ar fáil orthu ar fad, tá siad inrochtana ag cathaoireacha rothaí agus sásaíonn siad caighdeáin astuithe nua-aimseartha an AE.

Cuireadh maoiniú €3.7 milliún ar fáil do Bhus Átha Cliath le linn 2011 le tabhairt faoi mhór-athchóiriú na mbusanna níos sine sa chabhlach.

Anuas air sin, d'infheistigh an tÚdarás €1.3 milliún i soláthar scáthláin bhus ag áiteanna áirithe ar bhealaí bus.

Clár Comhcheangail/Tacaíochta

Mhaoinigh an ghné seo den chlár infheistíocht chaipitil forbairt na dtionscadal comhtháthaithe éagsúil cosúil le Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí agus an Córas Ticéadaithe Chomhtháite a thuairiscítear astu féin faoi Bhearta Comhcheangail le haghaidh Úsáideoirí Iompair.

Clár Deontais um Bearta Iompair Inbhuanaithe

Roinneadh Clár Deontais 2011 sna cúig fhochlár leathana seo a leanas:

- Rothaíocht/Siúl: tacú le feabhsúcháin fhisiciúla le dul i ngleic le baic ar leith le siúl agus rothaíocht agus chun an timpeallacht siúil agus rothaíochta a fheabhsú;
- Gréasán Bus: dírithe ar am turais bus a laghdú, feabhsúcháin le hiontaofacht ar fud an ghréasáin bus ar fad agus faisnéis/áiseanna paisinéara;
- Bainistiú Tráchta: dírithe ar scéimeanna cuí chun éifeachtúlacht modhanna iompair innealta a fheabhsú;
- Sábháilteacht: dírithe ar thimpeallacht taistil shábháilte a chur ar fáil do gach úsáideoir bóthair, go háirithe úsáideoirí bóthair leochaileacha cosúil le coisithe agus rothaithe; agus
- Tionscadail Eile: cosúil le scéimeanna comharthaíochta, staidéir thráchta, Córais Iompair Chliste, tionscadail dírithe ar lastas, etc.

Caitheadh os cionn €51 milliún ar 199 scéim faoin gClár Deontais. Léirítear i dTábla 6 an briseadh síos i gcaiteachas thar fhochláir agus taifeadtar i dTábla 7 bonneagar nua a seachadadh faoin gClár le linn 2011. Anuas ar an mbonneagar nua seo, cuireadh dromchla nua ar 21 ciliméadar de lánaí bus agus ar 23 ciliméadar de raon rothaíochta nua. Foilsíodh tuarascáil níos mionsonraithe ar na hoibreacha a rinneadh ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Treoircháipéisí

D'fhoilsigh an tÚdarás a Lámhleabhar Rothaíochta Náisiúnta le linn 2011 agus glacadh leis mar threoir fhoirmiúil d'údaráis áitiúla i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath de réir Alt 66 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Thug an tÚdarás isteach Treoirlínte Bainistíochta Tionscadail nua do thionscadail a mhaoiníonn an tÚdarás suas le luach €20 milliún, a léirigh díriú ardaithe ar thionscadail níos lú. Tugann na treoirlínte seo cur chuige níos oiriúnaithe ar fáil do sheachadadh tionscadail ar cóimhéid le méid an tionscadail.

Tábla 6 – Caiteachas de réir an fhochláir

	Gréasán Bus	Siúl/ Rothaíocht	Tionscadail Eile	Sábháilteacht	Bainistíocht Tráchta	Iomláin
Caiteachas (€m)	32.8	12.5	3.2	2.2	0.8	51.5
% den chaiteachas iomlán	64	24	6	4	2	100

Tábla 7 – Bearta iompair inbhuanaithe a forfheidhmíodh in 2011

Comhairle Contae	Líon Iomlán tionscadal	Lánaí Bus Nua (méadair)	Lánaí Rothaíochta Nua (méadair)	Cosáin Nua (méadair)	Feabhsúcháin ar acomhail tráchta (líon)	Feabhsúcháin ar Stadanna Bus (líon)	Soláthar trasrian túcánach (líon)	Soláthar coisithe (líon)
Cathair Bhaile Átha Cliath	70	3,800	5,330	1,930	37	19	1	29
Deisceart Bhaile Átha Cliath	20	0	140	450	9	5	1	21
Fine Gall	14	4,250	5,080	7,100	16	70	0	10
Dún Laoghaire Ráth an Dúin	23	0	920	790	24	3	1	0
An Mhí	26	0	1,680	4,340	0	67	3	17
Cill Dara	18	0	0	260	7	3	3	0
Cill Mhantáin	28	0	2,170	5,700	33	48	0	4
Iomlán	199	8,050	15,320	20,570	126	215	9	81

Seirbhísí Pleanála agus Infheistíochta arna gcur ar fáil thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Réamhrá

Bainistíonn an tÚdarás, ar bhonn riaracháin, roinnt clár thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is iad na cláir seo:

- Clár um Páirceáil agus Taisteal agus um Thosaíocht do Bhusanna sna Cathracha Réigiúnacha;
- Clár Inrochtaineachta;
- Clár um Thaisteal Níos Cliste chuig an Ionad Oibre, agus
- Clár na Scoileanna Glasa.

Leagtar amach achoimre ghearr ar na gníomhaíochtaí ar fad sna cláir seo ar fad in 2011 sna míreanna seo a leanas.

Clár um Páirceáil agus Taisteal agus um Thosaíocht do Bhusanna sna Cathracha Réigiúnacha

Bhunaigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú €5.6 milliún don chlár seo ar dtús.

Le tairbhe €5 mhilliún de mhaoiniú breise á chur ar fáil faoin Tionscnamh Post, chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú iomlán €10.6 milliún ar fáil le linn 2011 do na cathracha réigiúnacha, maidir le tionscadail éagsúla bainistíochta tráchta, tosaíochta bus agus iompair inbhuanaithe. Dáileadh an ciste idir sé údarás áitiúla, is iad sin Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Comhairle Cathrach Luimnigh, Comhairle Chontae Luimnigh agus Comhairle Cathrach Phort Láirge. Leagtar amach i dTábla 8 na méideanna deontais deiridh do 2011.

D'éascaigh an Clár obair ar dhaichead tionscadal ar fud ceithre chathair réigiúnacha i dtionscadail cosúil le críochnú Bhealach Glas Bhaile an Chollaigh (tionscadal tosaíochta bus) i gCorcaigh, suiteáil córas treorach páirceála i Luimneach, forbairt Ionad Rialaithe Tráchta i nGaillimh agus leanúint le tógáil thionscadal bus an Ché Theas i bPort Láirge.

Choimisiúnaigh an tÚdarás staidéar féidearthachta ar úsáid scéimeanna poiblí rothair i gcathracha réigiúnacha Chorcaí, na Gaillimhe, Luimnigh agus Phort Láirge. Scrúdaigh an staidéar féidearthachta scála na dtionscadal féideartha, an costas a bhainfeadh leo, na múnlaí fála atá ar fáil agus foinsí ioncaim féideartha a thacódh leis na scéimeanna. Shainaithin an tuarascáil Gaillimh agus Corcaigh mar an dá chathair a bhfuil an cumas is airde iontu chun scéim phoiblí rothair a thabhairt isteach iontu.

Tábla 8 – Deontais a íocadh le húdaráis áitiúla i gcathracha réigiúnacha in 2011 (€m)

Údarás Áitiúil	Tosaíocht Bus agus Páirceáil agus Taisteal	Tionscnamh Post	Iomlán
Comhairle Cathrach Chorcaí	1.175	1.470	2.645
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	2.292	0.482	2.774
Comhairle Chontae na Gaillimhe	0.359	0	0.359
Comhairle Cathrach Luimnigh	0.099	1.529	1.628
Comhairle Chontae Luimnigh	0.888	0.415	1.303
Comhairle Cathrach Phort Láirge	0.799	1.093	1.892
Iomlán	5.612	4.989	10.601

Clár Inrochtaineachta

Feidhmíonn an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Clár Inrochtaineachta ailínithe le Plean Earnálacha na Roinne d'Inrochtaineacht i réimse an iompair, a forbraíodh de réir riachtanais an Achta um Míchumas 2005. Faoin gClár seo cuirtear ar aghaidh tograí agus tionscadail éagsúla a dhíríonn ar a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach úsáideoir, lena n-áirítear iad siúd atá maolghluaiste nó faoi mhíchumas, ar iompar poiblí.

Cuireadh maoiniú díreach faoi €10 milliún ar fáil do tionscadail éagsúla thar réimse an iompair agus tá achoimre le fáil i dTábla 9.

Dhírigh cuid mhór den Chlár ar inrochtaineacht ag stáisiúin iarnróid a fheabhsú. Áiríodh anseo suiteáil ardaitheoirí, droichead coisithe, comharthaíochta agus oibreacha ardáin.

Ábhar amháin suntais faoin gClár Inrochtaineachta ab ea tabhairt isteach scéim deontais chun feithicil a cheannach nó a mhionathrú le húsáid mar thacsaí inrochtana ag cathaoireacha rothaí. Ba é cuspóir na gné seo den chlár foriomlán an líon feithiclí inrochtana ag cathaoireacha rothaí atá ar fáil sa chabhlach tacsaí a mhéadú.

Clár um Thaisteal Níos Cliste chuig an Ionad Oibre

Bainistíonn agus riarann an tÚdarás an Clár um Thaisteal Níos Cliste chuig an Ionad Oibre, a dhíríonn ar dhul i ngleic le 100 de na fostóirí is mó sa Stát faoi lár 2012 chun roghanna taistil inbhuanaithe a chur chun cinn i measc a bhfostaithe.

Faoi dheireadh 2011, baineadh amach an sprioc seo agus 102 eagraíocht chomhpháirtíochta, atá sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí araon, rannpháirteach sa chlár.

Spreagann agus dreasaíonn an clár rannpháirtíocht na n-eagraíochtaí comhpháirtíochta i bhforbairt agus i bhforfheidhmiú pleananna taistil don ionad oibre agus tacaíonn sé leo trí phróiseas athraithe a chuireann comhairle ghairmiúil, oiliúint, acmhainní, deiseanna gréasánaithe agus rochtain ar dhea-chleachtas Éireannach agus idirnáisiúnta ar fáil. Reáchtáil an tÚdarás na dúshláin rathúla rothaíochta agus pheidiméadair arís in 2011 mar chuid den chlár. Éascaíonn na dúshláin seo eagraíochtaí comhpháirtíochta i gcoinneáil lena bpleananna taistil don ionad oibre bliain i ndiaidh bliana agus, mar aon le neart seimineár agus

Tábla 9 – Maoiniú inrochtaineachta in 2011

Gníomhaireacht / Mír Mhaoinithe	Maoiniú (€m)
Iarnród Éireann	7.80
Inrochtaineacht ar stadanna bus – laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	0.91
Bus Éireann	0.43
Inrochtaineacht ar stadanna bus – lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	0.35
Scéim tacsaithe inrochtana	0.27
Calafort Bhaile Átha Cliath (Íocaíocht déanta ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)	0.15
Bus Átha Cliath	0.05
Iomlán	9.96

imeachtaí gréasáin i rith na bliana, cothaíonn siad cultúr taistil inbhuanaithe sna heagraíochtaí comhpháirtíochta.

I mí lúil 2011, sheol an tÚdarás suíomh gréasáin nua náisiúnta do roinnt carranna[3] ar mhaithe le héascú na ndaoine atá ag nascadh chun turais a roinnt agus chun costais mhótair a shábháil. Tá an suíomh gréasáin saor in aisce le húsáid ag daoine aonair, ionaid oibre, cumainn spóirt agus eagraithe féilte nó imeachta chun a ngrúpaí roinnte carranna féin a bhunú.

Clár na Scoileanna Glasa

Ba í 2011 bliain leathdheireanach an chláir taistil reatha cúig bliana do Scoileanna Glasa a fheidhmíonn an Taisce agus a bhainistíonn an tÚdarás. Tá sé mar aidhm ag an gclár seo modhanna iompair inbhuanaithe chuig an scoil agus uaithi a chur chun cinn do dhaltaí, do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí agus, más féidir, úsáid carranna príobháideacha chun leanaí a thabhairt chun na scoile a laghdú.

Ghlac beagnach 200 scoil breise páirt i gclár taistil na Scoileanna Glasa ag tús na scoilbhliana i mí Mheán Fómhair 2011, a d'ardaigh líon iomlán na scoileanna atá rannpháirteach sa chlár chuig os cionn 850, a chuimsíonn níos mó ná 180,000 dalta. Léirigh torthaí suirbhé ó scoileanna a ghlac páirt sa chlár in 2009 agus in 2010 laghdú 18% ar thurais i gcarranna chun na scoileanna agus ardú 10% ar an líon daoine atá ag siúl nó ag rothaíocht chun na scoile.

[3] www.carsharing.ie

Rialáil sa Tionscal Tacsaithe

Réamhrá

Ghlac an tÚdarás, an 1 Eanáir 2011, freagracht as rialáil thionscal na mBeagfheithiclí Seirbhíse Poiblí (SPSV) lena mbaineann tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní. Cuireadh foireann agus feidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe san áireamh san Údarás an dáta sin dá bhforáiltear san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009[4]. Is é an phríomhreachtaíocht a bhaineann leis an earnáil SPSV go fóill an tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003, arna leasú.

Athbhreithniú an Rialtais ar Rialáil Tacsaithe

I mí an Mheithimh, chuir an Rialtas tús le mór-athbhreithniú ar rialáil an tionscail tacsaithe dá bhforáiltear i gClár an Rialtais. Cuireadh Grúpa Stiúrtha, a ndearna an tAire Stáit sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cathaoirleacht air, ar bun chun an t-athbhreithniú a mhaoirsiú. Ghlac an tÚdarás páirt iomlán san athbhreithniú mar bhall den Ghrúpa Athbhreithnithe, mar aon lena rannpháirtíocht i bhfoghrúpaí an Ghrúpa Athbhreithnithe a bhain le córais cheadúnaithe agus riarachán agus forfheidhmiú.

Caighdeáin Feithicle

B'ábhar mór imní díreach tar éis aistriú rialáil thionscal na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí chuig an Údarás é cur i bhfeidhm sraith caighdeán iomchuí le haghaidh feithiclí ag féachaint do shábháilteacht agus do chompord na dtomhaltóirí.

I mí Feabhra, chinn Bord an Údaráis athbhreithniú a dhéanamh ar chaighdeáin feithicle sa tionscal tacsaithe agus, le linn an t-athbhreithniú seo a dhéanamh, "riail na naoi mbliana"[5] a chúlghairm dóibh siúd a dhéanfadh a gceadúnas feithicle a athnuachan in 2011 agus a chuir iarratas isteach ar a gcéad cheadúnas feithicle roimh an 1 Eanáir 2009, agus chun comhairliúchán fairsing i leith caighdeán a éascú.

Tugadh faoi mhórchomhairliúchán poiblí i leith caighdeáin feithicle idir an 11 Iúil agus an 5 Lúnasa. Bhí ocht saincheist le cuimsiú sa chomhairliúchán, lenar áiríodh Aois na bhFeithiclí, Méid na bhFeithiclí, Sainmhíniú Limisín, Truiclíní, Fuinneoga Dubha, Teicneolaíochtaí atá ag Teacht chun Cinn, Feithiclí Mionathraithe agus Brandáil na bhFeithiclí.

Fuarthas 514 aighneacht san iomlán. Ní haon ionadh é gur ón tionscal a tháinig tromlach na bhfreagairtí. Tháinig an fuílleach ó chomhlachtaí stáit, ó ghrúpaí ionadaíocha an tionscail, ó údaráis áitiúla agus ó pháirtithe leasmhara eile. Cuireadh toradh an chomhairliúcháin phoiblí faoi bhráid an Ghrúpa Athbhreithnithe a bhunaigh an Rialtas.

Scéim Deontais um Fheithiclí atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí

Bíonn an-deacracht ag cuid mhór úsáideoirí cathaoir rothaí agus ag daoine eile a bhfuil lagú soghluaisteachta acu úsáid a bhaint as seirbhísí tacsaí agus fruilchairr de bharr na heaspa feithiclí atá oiriúnach do chathaoir rothaí sa chabhlach tacsaithe agus fruilcharranna. Ag tús na bliana 2011, ní raibh ach 1,401 feithicil a bhí oiriúnach do chathaoireacha rothaí sa chabhlach ina bhfuil 25,309 feithicil.

D'fhonn go méadófaí an oiread feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí sa chabhlach tacsaithe agus fruilcharranna, thionscain an tÚdarás scéim deontais in 2011 chun cúnamh a thabhairt i gcomhair uasghrádú na bhfeithiclí atá ann faoi láthair nó i gcomhair ceannach feithiclí nua oiriúnacha. Bhí an scéim oscailte faoi choinne iarratas idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2011. Bhí na hiarratasóirí incháilithe i dteideal cúnamh deontais suas le €15,000 a fháil i gcomhair feithicil nua le cur chuige maoinithe meaitseála nó €6,000 i gcomhair uasghrádú feithicle.

[4] Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 614 de 2010, ainmníodh an 1 Eanáir 2011 mar an lá le haghaidh dhíscaoileadh an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe.

[5] i.e. an ceanglas nach ceadmhach feithicil a bheith níos sine ná 9 mbliana.

Fuarthas 82 iarratas san iomlán. Formheasadh 21 ceann (16 cinn ar fheithiclí nua agus 5 cinn ar fheithiclí athchóirithe) le haghaidh maoiniú ina dhiaidh sin. Ar a shon sin, níor tarraingíodh anuas an maoiniú ar fad a bhí ar fáil siocair, go príomha, nach raibh mórán iarratasóirí nó páirtithe leasmhara ábalta maoiniú iasachta a fháil chun an fheithicil a cheannach.

Tástáil Forbartha Scileanna

Ón mbliain 2009 amach, caithfidh iontrálaithe nua sa tionscal SPSV Tástáil Forbartha Scileanna a dhéanamh ina bhfuil tástáil faoi eolas tionscail agus tástáil faoi eolas ceantair. Cé nach gcaithfidh iontrálaithe sa tionscal roimh an mbliain 2009 an tástáil faoi eolas ceantair a dhéanamh, moltar dóibh aghaidh a thabhairt ar an tástáil faoi eolas tionscail.

Leagtar amach i dTábla 10 líon na dtástálacha a rinneadh in 2011. Tugtar cárta aitheantais tiománaí do na hiarrthóirí rathúla.

Ceadúnú Tiománaithe agus Feithiclí

Faoi mar a chuirtear in iúl i dTábla 11, leanadh den mheath ar líon na gceadúnas SPSV in 2011. Ba léir an méid seo le roinnt blianta anuas.

Greamáin ar Chomharthaí Dín

I mí na Bealtaine, thosaigh an tÚdarás ag tabhairt greamán frithchaiteach do gach tiománaí tacsaí ina bhfuil litir a chuireann in iúl an limistéar ina bhfuil cead ag an tiománaí seasamh ag stad tacsaí agus custaiméirí a lorg. Téann na greamáin i dteannta na gcártaí aitheantais tiománaithe a thaispeántar ar dheais na feithicle cheana féin. Rinneadh ceanglas dlíthiúil de thaispeáint na ngreamán seo ar chomharthaí dín na dtacsaithe an 1 Lúnasa.

Gníomhaíocht Chomhlíonta

Feidhm thábhachtach den Údarás is ea monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh ar chomhlíonadh rialachán SPSV. San áireamh leis seo tá imscrúdú ar ghearáin ó thomhaltóirí i dtaca le seirbhísí SPSV.

Tá briseadh síos na ngearán ó thomhaltóirí a fuair an tÚdarás le linn na bliana le fáil i dTábla 12.

In 2011, d'eisigh an fhoireann chomhlíonta 386 pionós muirir sheasta maidir le cionta líomhainte. Dhaingnigh siad 78 ciontú maidir le hionchúisimh arna dtionscnamh de bharr neamhíoc pionós muirir sheasta.

Tugann an fhoireann chomhlíonta faoina n-oibríochtaí monatóireachta agus forfheidhmithe féin go gníomhach. Chomh maith leis sin, tugann siad aghaidh ar chomhoibríochtaí le gníomhaireachtaí eile. As an 93 oibríocht a rinne an fhoireann sa bhliain 2011, bhí 60 ceann acu ina gcomhoibríochtaí leis an nGarda Síochána agus bhí 9 gcinn acu ina gcomhoibríochtaí le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

Chonraigh an tÚdarás acmhainní breise tacaíochta isteach a d'éascaigh dhá mhórchlár comhlíonta.

Sa chéad chlár ba éard a bhí i gceist ná oibríochtaí ard-infheicthe comhlíonta ag stadanna tacsaithe ag mór-chríochfoirt iompair i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh d'fhonn gníomhaíocht neamhdhleathach a dhíspreagadh sna háiteanna seo. Rinneadh 1,049 seiceáil feithicle san iomlán.

Bhí iniúchadh ar oibreoirí seachadta i gceist leis an dara clár. Rinneadh 221 seiceáil ar oibreoirí seachadta go náisiúnta d'fhonn comhlíonadh na rialachán ábhartha a mheas agus, nuair ba ghá, d'fhonn fianaise a fháil chun bearta cuí a ghlacadh le comhlíonadh a chinntiú (lena n-áirítear ionchúisimh).

Go mall sa bhliain 2011, rinne 212 tiománaí SPSV, a oibríonn feithiclí trí chomhaontú cíosa nó léasa, freastal ar choinní sceidealaithe le go bhféadfaí na feithiclí agus a gcáipéisíocht cheadúnaithe a iniúchadh. Bhí oifigigh ón Roinn Coimirce Sóisialaí i láthair freisin ag cuid de na cigireachtaí seo. I gcomhthráth leis na cigireachtaí fisiciúla seo, b'éigean do shealbhóirí ceadúnais a raibh ní ba mhó ná feithicil amháin acu faisnéis a chur

isteach faoi na daoine a thiomáin a bhfeithiclí, lenar áiríodh sonraí ceadúnais agus faisnéis ábhartha árachais.

Seirbhís Faisnéise

In 2011, phléigh líne thacaíochta ghutháin an Údaráis, atá ar fáil chun cuidiú le tomhaltóirí agus le baill an tionscail lena bhfiosrúcháin nó lena ngearáin, le 85,434 glao gutháin. Glaonna ó bhaill an tionscail ba ea 79,650 díobh seo agus ba ghlaonna ó thomhaltóirí 5,784 díobh.

Cuireadh líne rúnda nua ar bun chun go mbeifí ábalta gníomhaíocht neamhdhleathach a thuairisciú.

Tábla 10 – Líon na dTástálacha Forbartha Scileanna a rinneadh in 2011

Catagóir	Líon na dTástálacha (lena n-áirítear atástálacha)	Líon na Pasráta	Pásráta
Tástáil Iontrála, SPSV (iarratasóirí nua ar cheadúnas tiomána agus oibreoirí seachadta)	10,105	2,269	23%
Tástáil faoi Eolas Tionscail, SPSV (tiománaithe reatha)	10,429	7,476	72%

Tábla 11 – Staitisticí maidir le Ceadúnú Tiománaithe agus Feithiclí

Catagóir	An 1 Eanáir 2011	An 31 Nollaig 2011	Athrú %
Líon iomlán na gceadúnas feithicle SPSV	25,181	23,777	-5.6
Líon iomlán na sealbhóirí ceadúnas tiomána SPSV	42,012	38,499	-8.4

Tábla 12 – Gearáin ó thomhaltóirí

An gearán	Líon na ngearán a fuarthas in 2011	Líon na ngearán a fuarthas in 2010
Róghearradh táille nó nithe eile a bhaineann le táillí	132	222
Béas agus iompraíocht an tiománaí	103	136
Nithe maidir le beagfheithiclí seirbhíse poiblí a fhruiliú	90	59
Bail agus glaineacht na feithicle	21	16

Cúrsaí Eagraíochtúla, Rialachas Corparáideach agus Freagracht

Saincheisteanna Foirne

Tháinig leathnú mór ar sholáthar foirne an Údaráis de bharr theacht fhoireann an iar-Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe an 1 Eanáir.

I mí an Mhárta, shínigh an tÚdarás Meabhrán Tuisceana le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a d'aistrigh freagracht oibriúcháin as Oifig Tionscadail Ghréasán na Mórlánaí Bus de chuid na Comhairle chuig an Údarás. Mar thoradh air seo, bhí sáracmhainn um dhearadh gairmiúil ag an Údarás chun forbairt a dhéanamh ar thionscadail iompair inbhuanaithe agus chun iad a chur i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus sna cathracha réigiúnacha freisin. Is fostaithe de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath fós iad na baill foirne a bhí i gceist.

Oiliúint agus Forbairt

D'oibrigh an tÚdarás, ar fud na heagraíochta, leis an bhForas Riaracháin chun oiliúint a sholáthar i dtaobh Ceannasaíochta agus Bainistíocht Tionscadal.

D'fhorbair an tÚdarás córas nua do Bhainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt Phearsanta chun sainriachtanais an Údaráis a léiriú.

Ráiteas Straitéise

D'fhormheas an Bord Ráiteas Straitéise don tréimhse 2012-2014 i mí na Nollag agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Éascóidh an Ráiteas Straitéise pleanáil gnó san Údarás trí chéile agus tacóidh clár úr an Údaráis um Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt Phearsanta leis.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Chuir an tÚdarás a Thuarascáil Bhliantúil don bhliain 2010 i gcrích i mí Iúil. Chríochnaigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a hiniúchadh ar an gcéad sraith de Ráitis Airgeadais an Údaráis i mí Dheireadh Fómhair. Clúdaíonn an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais na trí mhí dhéag idir bunú an Údaráis an 1 Nollaig 2009 agus an 31 Nollaig 2010. Foilsíodh an dá cháipéis ar shuíomh gréasáin an Údaráis in 2011.

Cuíchóiriú

Le linn 2011, d'éirigh leis an Údarás laghdú mór a bhaint amach (timpeall €1 mhilliún) i gcaiteachas riaracháin de thoradh cuíchóiriú agus roinnt costas tar éis chomhcheangal an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe leis an Údarás. Baineadh an coigilteas amach i réimsí ar nós párolla, cumarsáide, teicneolaíocht faisnéise, cuntasaíochta, soláthair agus forchostais ghinearálta, glantachán oifigí, etc.

An tÚdarás Iomaíochta

I mí an Mhárta, shínigh an tÚdarás comhaontú comhoibrithe leis an Údarás Iomaíochta de bhun alt 34 den Acht Iomaíochta 2002. Is é cuspóir an chomhaontaithe comhoibriú a éascú idir an dá Údarás i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna faoi seach sa mhéid agus go mbaineann siad le saincheisteanna iomaíochta idir gnóthais.

An Coiste Iniúchóireachta

Bhí an tUasal John Tierney (Cathaoirleach), an tUasal Linda Saunders agus an tUasal Damien Usher ar Choiste Iniúchóireachta an Údaráis in 2011.

Tuairiscíonn an Coiste don Bhord faoi gach

gné de thuairisciú airgeadais agus de bheartas cuntasaíochta agus déanann sé athbhreithniú ar éifeachtacht chóras an Údaráis maidir le rialú inmheánach airgeadais. Tháinig an Coiste Iniúchóireachta le chéile faoi cheathair in 2011.

Bainistíocht Riosca

Tá córas cuimsitheach bainistíochta riosca i bhfeidhm le haghaidh measúnú, réamh-mheas agus bainistiú rioscaí a d'fhéadfadh caillteanas a chruthú don Údarás. Tacaíonn an córas le bainistiú éifeachtach riosca an Údaráis san uile ghníomhaíocht ghnó. Tá sainaithint, bainistiú agus, más féidir, maolú mór-rioscaí i gceist leis an gcóras.

Comhlíonadh Dlí agus Rialála

Comhlíonann an tÚdarás *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit* (2009) de chuid na Roinne Airgeadais agus cóid chleachtais agus treoirlínte ábhartha eile. Tá próisis ag an Údarás lena chinntiú go gcomhlíonann sé a chuid oibleagáidí dlí agus rialála.

Cruinnithe Boird

Tháinig an tÚdarás le chéile aon uair déag in 2011. Sonraítear tinreamh chomhaltaí an Údaráis ag cruinnithe Boird in Aguisín 3.

Foilsítear miontuairiscí na gcruinnithe Boird ar shuíomh gréasáin an Údaráis.

Caidreamh le hIonadaithe Pobail

De réir nósanna imeachta nua a tugadh isteach in 2011, cuirtear Ceisteanna Parlaiminteacha don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le nithe atá faoi shainchúram reachtúil an Údaráis faoi bhráid an Údaráis i gcomhair freagairt dhíreach.

Déanann an tÚdarás a dhícheall freagairtí fónta a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminteacha agus ar fhiosrúcháin agus iarratais eile ó chomhaltaí an Oireachtais laistigh de 10 lá oibre ón am a fhaigheann sé iad.

Ráiteas ar Leas an Phobail

Réamhrá

Is comhlacht reachtúil neamhthráchtála é an tÚdarás a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Bunaíodh an tÚdarás de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 agus an Achta um Rialáil Iompair Phoiblí 2009. Cé gur ceapadh é a chéaduair mar údarás iompair i gcomhair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht 2008, athmhúnlaíodh é mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair in Acht 2009. Tugadh ní ba mhó feidhmeanna dó agus tugadh sainchúram geografach ní ba mhó dó in Acht 2009 leis.

Tá freagracht ar an Údarás as an méid seo a leanas:

- seirbhísí poiblí iarnróid agus bus a sholáthar go náisiúnta;
- ceadúnas a thabhairt le haghaidh seirbhísí poiblí tráchtála bus go náisiúnta;
- faisnéis a chomhcheangal leis na seirbhísí seo;
- córas comhtháite iompair a sholáthar i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath[6];
- tionscal na mbeagfheithiclí seirbhíse poiblí a rialáil go náisiúnta[7].

Feidhmeanna

Féadtar feidhmeanna an Údaráis a achoimriú mar seo a leanas:

Feidhmeanna Náisiúnta

- seirbhísí iompair phoiblí a sholáthar trí chonarthaí i gcomhair seirbhísí iompair phoiblí,
- ceadúnas a thabhairt le haghaidh seirbhísí poiblí bus paisinéirí nach bhfuil faoi réir conradh i gcomhair seirbhísí iompair phoiblí,
- faisnéis a sholáthar faoi iompar poiblí comhtháite,
- creat rialála a fhorbairt agus a choimeád le haghaidh rialú agus feidhmiú beagfheithiclí seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe.

Feidhmeanna i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

a. pleanáil straitéiseach iompair a ghabháil de láimh,

b. forbairt ar líonra iompair phoiblí atá comhtháite agus inrochtana a chur chun cinn,

c. níos mó úsáide as rothaíocht agus siúl mar chóir iompair a chur chun cinn,

d. soláthar bonneagair le haghaidh iompar poiblí a dhaingniú,

e. ticéadú comhtháite agus córais faisnéise le haghaidh iompar poiblí a sholáthar[8],

f. an trácht a bhainistiú go héifeachtach,

f. éileamh iompair a bhainistiú go héifeachtach,

h. branda amháin iompair phoiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm,

i. sonraí staitistiúla agus faisnéis faoi iompar a bhailiú, agus

j. taighde a dhéanamh ar iompar.

Rialachas agus Riarachán

An Bord

Rialaíonn Bord ar a bhfuil suas le dháréag comhaltaí arna gceapadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tÚdarás. Tá trí phost *ex officio* ar an mBord. Tá na poist sin in áirithe don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis agus do Bhainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Féadtar comhaltaí Boird a cheapadh ar feadh suas le cúig bliana agus féadtar iad a cheapadh an athuair. Ní féidir le comhaltaí Boird níos mó ná deich mbliana a chaitheamh ar an mBord, áfach. Níl feidhm ag an srian seo le comhaltaí *ex officio* – seasann siadsan ar an mBord fad a bhíonn an post ábhartha acu.

[6] Baile Átha Cliath, Cill Dara, an Mhí agus Cill Mhantáin

[7] Rialaíonn forálacha an Achta um Rialáil Tacsaithe 2003 rialú na seirbhísí tacsaí

[8] Síneadh na feidhmeanna seo go ceantair lasmuigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath de thoradh Ordú ón Aire

An Coiste Feidhmiúcháin

Tá Príomhoifigeach Feidhmiúcháin mar cheann an Choiste Feidhmiúcháin a fhaigheann tuairiscí díreacha ó cheathrar stiúrthóirí –

1. An Stiúrthóir Airgeadais agus Gnóthaí Corparáideacha;
2. An Stiúrthóir Seirbhísí Iompair Phoiblí;
3. An Stiúrthóir Rialála Tacsaithe; agus
4. An Stiúrthóir Pleanála Iompair agus Infheistíochta.

Comhlachtaí Comhairleacha

Foráiltear do dhá Chomhairle Chomhairleacha reachtúla sa reachtaíocht, atá le bheith neamhspleách ón Údarás. Seo a leanas iad –

- Coiste Comhairleach na mBeagfheithiclí Seirbhíse Poiblí;
- Comhairle Chomhairleach an Údaráis Náisiúnta Iompair.

Is é ról an Choiste Chomhairligh comhairle a thabhairt don Údarás agus don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, de réir mar is cuí, i ndáil leis na saincheisteanna is ábhartha do bheagfheithiclí seirbhíse poiblí agus dá gcuid tiománaithe. Ceapann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt comhaltaí an Choiste Chomhairligh.

Níor bunaíodh an Chomhairle Chomhairleach in 2011 fós. Déanfaidh sí monatóireacht ar an gcaoi a dtugann an tÚdarás faoina chuid feidhmeanna i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus foirmeoidh sí moltaí chuige sin.

Leas an Phobail

Leagtar amach sa reachtaíocht óna bhfaigheann an tÚdarás a chumhachtaí agus a fheidhmeanna réimse cuspóirí i dtaobh leas an phobail, mar shampla, iompar, inbhuanaitheacht an chomhshaoil, comhtháthú sóisialta, dul chun cinn geilleagrach, inrochtaineacht, iomaíocht rialaithe agus luach ar airgead.

Treoirlínte agus Orduithe Aire

Foráiltear sa reachtaíocht a rialaíonn an tÚdarás go bhféadfaidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt orduithe nó treoirlínte beartais a eisiúint chuig an Údarás maidir lena fheidhmeanna.

Níor eisíodh orduithe ná treoirlínte beartais ar bith chuig an Údarás in 2011.

Fochuideachtaí

Níor bhunaigh an tÚdarás aon fhochuideachtaí.

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Faisnéis faoin Údarás	28
Ráiteas ar Fhreagrachtaí	29
Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais	30
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	31
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	32
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	34
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	35
Clár Comhardaithe	36
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	37
Nótaí atá mar chuid de na Ráitis Airgeadais	38

Faisnéis faoin Údarás

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Faisnéis faoin Údarás

Comhaltaí Boird	An tUasal John Fitzgerald (Cathaoirleach) An tUasal Gerry Murphy (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) An tUasal Linda Saunders An Dr Berna Grist An tUasal Frank King An tUasal John Tierney An tUasal Damian Usher An tUasal Valerie O'Reilly An tUasal Margaret O'Shaughnessy An tUasal Jim Deegan An tUasal Hugh Creegan An Comh. Daithí Alcorn
Aturnaetha	McCann Fitzgerald Solicitors Riverside One Cé Sir John Rogerson Baile Átha Cliath 2
Baincéirí	Bainc-Aontas Éireann cpt 1/4 Sráid Bhagóid Íochtarach Baile Átha Cliath 2
Iniúchóirí	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Bloc an Chisteáin Caisleán Bhaile Átha Cliath Baile Átha Cliath 2

Ráiteas ar Fhreagrachtaí

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Faoi théarmaí an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008 (arna leasú leis an Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009), tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú don bhliain go dtí an 31 Nollaig 2011 d'fhonn léargas fírinneach cóir a thabhairt ar staid cúrsaí amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar an ioncam agus caiteachas don bhliain dar chríoch sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ceanglaítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- a lua cibé acu ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míniodh sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí a thoimhdiú go leanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar aghaidh i mbun feidhme.

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach as leabhair chuntas iomchuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth a staid airgeadais agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 32 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008. Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair freagrach chomh maith as a chuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

John Fitzgerald
Cathaoirleach
An 2 Deireadh Fómhair 2012

Gerry Murphy
Príomhfheidhmeannach
An 28 Meán Fómhair 2012

Ráiteas an Chathaoirligh ar Rialú Inmheánach Airgeadais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

De réir mar a éilítear sa cháipéis *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, thar ceann Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair, déanaim an ráiteas seo a leanas agus mé i mo Chathaoirleach.

Sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011, bhí comhaltaí Bhord an Údaráis Náisiúnta Iompair freagrach as a chinntiú go ndearnadh córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a chur i bhfeidhm. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a chur ar fáil gur cosnaíodh sócmhainní, gur tugadh údarás le haghaidh idirbheart agus gur taifeadadh iad i gceart, agus gur coisceadh earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Rinne Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair roinnt beart chun a chinntiú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú; agus
- gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.

Bhí an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lenar áiríodh leithlisiú dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áiríodh na nithe seo a leanas ann go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a rinne an Bord a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a thaispeáin feidhmíocht airgeadais;
- socrú spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe sainmhínithe go soiléir faoi infheistíocht chaipitil;
- disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail.

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí ag an Údarás Náisiúnta Iompair a fheidhmíonn de réir an Chreatchóid Dea-chleachtais a leagtar amach sa cháipéis *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*. Tugtar eolas i dtaobh obair an iniúchta inmheánaigh trí anailís ar an riosca a bhfuil an comhlacht nochta dó. Tá na pleananna i leith iniúchadh inmheánach ann chun na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Tugann an Coiste Iniúchóireachta tacaíocht don anailís ar riosca agus do na pleananna maidir le hiniúchadh inmheánach agus déanann Bord an Údaráis Náisiúnta Iompair iad a fhormheas.

Múnlaíonn obair an iniúchta inmheánaigh an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an Bord ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais. Déanann an Coiste Iniúchóireachta monatóireacht ar obair an iniúchta inmheánaigh agus lucht bainistíochta an Údaráis Náisiúnta Iompair ag a bhfuil freagracht as an gcreatlach rialaithe airgeadais. Ina theannta sin, déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar thuarascálacha iniúchóra agus ar mholtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus déanann sé iad a bhreithniú leis.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhním, maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2011, go bhfuil athbhreithniú déanta ag an mBord ar éifeachtacht an chórais um Rialuithe Inmheánacha Airgeadais.

Sínithe thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair

John Fitzgerald
Cathaoirleach
An 2 Deireadh Fómhair 2012

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Údarás Náisiúnta Iompair
Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Iompair don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2011 faoin Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008, arna leasú. Is éard atá sna ráitis airgeadais, arna n-ullmhú de réir na mbeartas cuntasaíochta dá dtagraítear, an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is ionann an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú agus an dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis
Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Údaráis agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena n-oibriú.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais
Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtuithe sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí le haghaidh imthosca an Údaráis, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis iniúchta airgeadais a shainaithint. Má thagaim ar aon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, measaim na himpleachtaí maidir le mo thuarascáil.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais
I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, a ullmhaíodh mar ba cheart de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis in Éirinn, maidir le staid chúrsaí an Údaráis amhail an 31 Nollaig 2011 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas don tréimhse dar chríoch sin.

I mo thuairimse, tá leabhair chuntas iomchuí á gcoimeád ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Nithe ar a dTuairiscím trí Eisceacht

Tuairiscím trí eisceacht sna cásanna seo a leanas:

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon chás ábhartha inar caitheadh airgead ar fheidhmeanna eile seachas na feidhmeanna beartaithe nó i gcás nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis don bhliain dá n-ullmhaítear na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chomhlíon an tÚdarás an *Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit*, nó
- braithim go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an dóigh a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe eile ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

Séamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus CisteAn
14 Deireadh Fómhair 2012

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

Bunaíodh an tÚdarás Náisiúnta Iompair an 1 Nollaig 2009 tar éis lánscor Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath. Baineann figiúirí na tréimhse comparáidí arna dtuairisciú i gcuntais an Údaráis Náisiúnta Iompair le tréimhse 13 mhí dar tús an 1 Nollaig 2009 agus dar críoch an 31 Nollaig 2010.

Comhcheanglaíodh an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe leis an Údarás Náisiúnta Iompair an 1 Eanáir 2011. Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 614 de 2010, ainmníodh an 1 Eanáir 2011 mar an lá a lánscoirfí an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe. Mar thoradh air seo, aistríodh cearta réadmhaoine, dliteanais agus oibleagáidí an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe chuig an Údarás Náisiúnta Iompair.

Ní áirítear sna figiúirí comparáideacha figiúirí an Choimisiúin um Rialáil Tacsaithe don tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2010.

Bunús an Ullmhúcháin

Réitíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, ach amháin mar a léirítear thíos, de réir prionsabal a bhfuil glacadh leo faoi na Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais arna moladh ag na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta. Tá na Ráitis Airgeadais de réir na foirme a cheadaíonn an tAire Iompair, le comhthoiliú an Aire Airgeadais.

Ioncam ó Dheontais an Oireachtais

Cuimsíonn deontais an Oireachtais suimeanna arna n-íoc ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt i gcomhair riaracháin, Deontais Bainistíochta Tráchta (TMG), Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí, Tionscnamh Réigiúnach Post, Tosaíocht Réigiúnach do Bhusanna agus Infheistíocht Chaipitil.

Iarchuirtear an t-ioncam deontais a fhaightear faoi choinne caiteachas caipitiúil ar shócmhainní seasta inláimhsithe chuig an gCuntas Caipitil agus scaoiltear é chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré eacnamaíoch fhónta ionchais na sócmhainní gaolmhara, de réir dímheasa arna mhuirearú ar na sócmhainní.

Caiteachas Deontais le haghaidh Oibleagáid Seirbhíse Poiblí agus Infheistíocht Chaipitil

Aithnítear caiteachas sa bhliain ar bhonn na suimeanna a eisíoctar le deontaithe.

Ioncam ó Cheadúnú

Baineann sé seo le hioncam a chruthaítear ó ghníomhaíochtaí ceadúnaithe, measúnaithe agus forfheidhmithe.

Ioncam ón Scéim um Thicéadú Comhtháite

Tagann ioncam ón Scéim um Thicéadú Comhtháite chun cinn de bharr athmhuirearú na gcostas oibriúcháin ar rannpháirtithe sa Scéim um Thicéadú Comhtháite.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag a gcostas stairiúil nó a luacháil, lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir méid chothroim, ag na rátaí atá leagtha amach thíos, arna ríomh chun na sócmhainní a dhíscríobh arna gcoigeartú le haghaidh luach iarmharach thar a saolréanna fónta ionchais. Muirearaítear dímheas do bhliain iomlán ar shuimiú an uile shócmhainn sheasta inláimhsithe i mbliain na héadála:

Léasacht	-	5% méid cothrom
Mótarfheithiclí	-	20% méid cothrom
Samhail tráchta	-	10% méid cothrom
Troscán agus feistis	-	10% méid cothrom
Trealamh ríomhaireachta	-	25% méid cothrom
Trealamh TMG	-	25% méid cothrom
Scéim um Thicéadú Comhtháite	-	10% méid cothrom ar bhogearraí agus 25% méid cothrom ar chrua-earraí

Déantar dímheas ar an tSamhail tráchta de réir a costais bhunaidh mar aon le haon bhreiseanna, thar a saolré fhónta ionchais. Léiríonn breiseanna sa bhliain costas tuarastail an phearsanra atá tiomnaithe d'fhorbairt na samhla. Ghlac Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath ceannas ar an tSamhail tráchta, arna forbairt ag Tionscnamh Iompair Bhaile Átha Cliath, an 9 Samhain 1995 de réir luacháil athsholáthair €1,777,633. Áiríodh mar shócmhainn í sna ráitis airgeadais.

Cuireadh an Scéim um Thicéadú Comhtháite chun feidhme i mí na Nollag 2011. Muirearaíodh dímheas do bhliain iomlán ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Pinsin – Scéim Ranníocaíochta Sainithe

Áirítear leis na costais phinsin a mhuirearaítear sna ráitis airgeadais an ranníocaíocht iníoctha ag an Údarás Náisiúnta Iompair le linn na bliana faoina scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Ní fhabhraítear aon dliteanas eile i leith an Údaráis Náisiúnta Iompair faoin scéim ranníocaíochta sainithe.

Pinsin – Scéim Shochair Shainithe

Feidhmíonn an tÚdarás Náisiúnta Iompair scéim shochair shainithe neamhchistithe. Déantar cistiú uirthi go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a chuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar fáil. Feidhmítear an scéim ar bhonn riaracháin, mar a cheadaíonn an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar feitheamh fhormheas na scéime ag an dá Aire. Tomhaistear dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léiríonn na costais phinsin na sochair phinsin a thuill fostaithe sa bhliain. Íoctar ranníocaíochtaí pinsin na mball foirne leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Aithnítear suim arb ionann í agus an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sí inghnóthaithe agus seach-churtha ag deontais arna bhfáil sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh. Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachas agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a ghnóthaigh baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú amach anseo ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas caipitil an méid ioncaim gan amúchadh a cuireadh i bhfeidhm ar mhaithe le cúrsaí caipitil. Faightear maoiniú i leith sócmhainní seasta ó ioncam deontais agus aistrítear é chuig an gcuntas caipitil agus déantar é a amúchadh ar aon dul le dímheas.

Airgeadra

Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

		12 mhí go dtí an 31/12/11	13 mhí go dtí an 31/12/10
Ioncam	**Nótaí**	**€**	€
Deontais an Oireachtais			
- Maoiniú infheistíochta caipitil	1	**210,892,617**	356,296,117
- Maoiniú na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	1.1	**265,641,000**	283,402,980
- Riartha ag an NTA thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt	1.2	**22,364,826**	2,684,881
- Riarachán	1.3	**3,712,000**	3,852,893
Ioncam ó cheadúnú	2	**5,938,712**	-
Táillí na rannpháirtithe sa Scéim um Thicéadú Comhtháite	3	**1,496,039**	-
Ranníocaíochtaí ó chomhlachtaí eile		**-**	118,995
Glanmhaoiniú iarchurtha le haghaidh pinsean	12.2	**655,000**	316,000
Ioncam eile	4	**832,905**	383,768
		511,533,099	647,055,634
Aistriú chuig Cúlchiste Caipitil	17	**(1,333,893)**	(4,956,434)
Ioncam Iomlán		**510,199,206**	642,099,200
Caiteachas			
Caiteachas infheistíochta caipitil	5	**(204,334,428)**	(351,453,233)
Caiteachas na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO)	6	**(265,641,000)**	(283,402,980)
Caiteachas eile i ndáil le deontas	7	**(22,345,173)**	(2,691,247)
Caiteachas ceadúnaithe	8	**(3,923,617)**	-
Caiteachas an Chórais um Thicéadú Comhtháite	3	**(6,793,762)**	-
Costais foirne	9	**(4,761,742)**	(2,821,507)
Costais phinsin	12	**(663,990)**	(323,829)
Costais chóiríocht oifige	10	**(1,115,831)**	(466,150)
Costais riaracháin eile	11	**(2,533,059)**	(971,959)
Caiteachas Iomlán		**(512,112,602)**	(642,130,905)
(Easnamh) don bhliain		**(1,913,396)**	(31,705)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-26.

John Fitzgerald
Cathaoirleach
An 2 Deireadh Fómhair 2012

Gerry Murphy
Príomhfheidhmeannach
An 28 Meán Fómhair 2012

Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána

don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	**12 mhí go dtí an 31/12/11 €**	13 mhí go dtí an 31/12/10 €
Easnamh don bhliain		**(1,913,396)**	(31,705)
Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean	12.3	**110,000**	67,000
Athruithe ar thoimhdí atá mar bhunús le luach reatha na ndliteanas scéime pinsean		**(417,000)**	(17,000)
(Caillteanas)/gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsin	12.1	**(307,000)**	50,000
Coigeartú ar mhaoiniú iarchurtha pinsin		**307,000**	(50,000)
Easnamh aitheanta iomlán don bhliain		**(1,913,396)**	(31,705)

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Nótaí 1-26.

